

An Chomhdháil ar **Thodhchaí na hEorpa**

An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

Tuarascáil: Painéal 2 seisiún 3

Painéal Saoránach Eorpach 2: ‘Daonlathas na hEorpa / Luachanna Eorpacha agus cearta Eorpacha, an smacht reachta, an tslándáil’

Grianghraf © An tAontas Eorpach, 2021 – EP/Kenton Thatcher

An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

Tuarascáil:

Painéal Saoránach Eorpach 2: 'An daonlathas Eorpach / Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil'

Seisiún 3: 10-12 Nollaig 2021, Flórans, an Iodáil

Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach a d'eagraigh na Painéil Saoránach Eorpach i gcomhthéacs na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.

Is é an pléghrúpa, atá comhdhéanta de *Missions Publiques, Danish Board of Technology* [Bord Teicneolaíochta na Danmhairge], *Deliberativa, ifok* agus *Kantar*, agus atá freagrach as modheolaíocht agus rolladh amach na bPainéal, a d'ullmhaigh an doiciméad seo[1]. Painéal 2: Is iad *Deliberativa* i gcomhar le *Missions Publiques* agus *ifok*, a stiúir Seisiún 3 faoi 'An daonlathas Eorpach/https://futureu.europa.eu/processes/ValuesRights?locale=ga Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil'.

Clár na nÁbhar

1. Achoimre ar Sheisiún 3
2. Comhthéacs Sheisiún 3 i bpróiseas na bPainéal Saoránach Eorpach
3. Na príomhthorthaí ón seisiún Moltaí arna nglacadh ag an bPainéal

- Iarscríbhinn I: Conas a rinneadh moltaí?
- Iarscríbhinn II: Ionchur/seiceálaithe fíricí ó shaineolaithe chun tacú leis an bpróiseas seiceála fíricí
- Iarscríbhinn III: Moltaí a ndearna an painéal breithniú ina leith agus nár glacadh leo
- Iarscríbhinn IV: Treoshuíomhanna cnuasaithe

1. Achoimre ar Sheisiún 3

An 10-12 Nollaig, tháinig 162 shaoránach Eorpacha le chéile don tríú huair chun plé a dhéanamh ar na hábhair a bhaineann le "Daonlathas/Luacha agus Cearta Eorpacha, an smacht reachta, an tslándáil", ag leanúint den phlé a rinneadh le linn Sheisiúin 1 agus 2. Don seisiún deiridh sin, thug na rannpháirtithe i bPainéal 2 cuairt ar an Institiúid Ollscoile Eorpach, i bhFlórans, leis an deis páirt a ghlacadh ar líne. Agus úsáid á baint acu as na treoshuíomhanna a d'fhorbair siad le linn Sheisiún 2 mar bhonn dá gcuid oibre, rinne na saoránaigh 39 moladh deiridh a chur i láthair agus a phlé i seisiún iomlánach na Comhdhála agus thacaigh siad leis na moltaí sin. As na 162 rannpháirtí, d'fhreastail 26 rannpháirtí go cianda agus rinne siad idirghabháil go cianda.

Is i dtrí fhormáid a cuireadh an plé agus an obair chomhpháirteach i gcrích:

- **I bhfoghrúpaí.** Bhí idir deichniúr agus trí shaoránach déag ar gach ceann de na 15 fhoghrúpa. Labhraíodh idir ceithre theanga agus cúig theanga i ngach foghrúpa, agus bhí gach saoránach

[1] Séanadh: is iad na húdair amháin atá freagrach as an tuarascáil seo agus ní léiriú é ar thuairimí na nInstitiúidí Eorpacha.

in ann labhairt ina theanga/teanga féin nó i dteanga a raibh an duine sin ar a c(h)ompord léi. Bhí éascaitheoir gairmiúil tiomnaithe ag gach foghrúpa ón bpléghrúpa nó as measc soláthraithe seirbhíse seachtracha eile. Chun tacú le hobair na n-éascaitheoirí, chuir EUI duine amháin ar fáil do gach foghrúpa.

- **Suí iomlánach** ina raibh na rannpháirtithe uile i láthair. Bhí na seisiúin iomlánacha faoi stiúir beirt phríomh-mhodhnóirí ó ghrúpa an phlé, agus ateangaireacht acu sna 24 theanga oifigiúla de chuid an Aontais.

Le tacaíocht ó shaineolaithe agus ó sheiceálaithe fíricí, a gcuid eolais féin, agus a dtaithí, agus trí phlé, thosaigh saoránaigh trí scrúdú a dhéanamh ar na treoshuíomhanna uile a d'ullmhaigh an Painéal le linn Sheisiún 2[2] i "bhfóram oscailte". Chomh maith leis an saineolas a cuireadh ar fáil, fuarthas tacaíocht ó éascaitheoirí na bhfoghrúpaí. Tugadh caoga greamán do gach saoránach (10 gcinn ghlasa do shruth 1, deich gcinn dhearga do shruth 2, deich gcinn ghorma do sruth 3, deich gcinn bhuí do shruth 4, deich gcinn chorcra do shruth 5) agus cuireadh deich dtreoshuíomh in ord tosaíochta, in aghaidh gach srutha. Leithdháileadh cúig ghreamán dhubha ar gach saoránach chun treoshuíomhanna a fhoghrúpa féin a chur in ord tosaíochta. A luaithe a bhí siad curtha in ord tosaíochta ar leibhéal an Phainéil, cuireadh na saoránaigh sna foghrúpaí céanna inar oibrigh siad le linn Sheisiún 2 agus dhearbhaigh siad i dteannta a chéile cé acu de threoshuíomhanna a ngrúpa ar thug an chuid eile den Phainéal agus comhaltaí a bhfoghrúpa féin tosaíocht dóibh.

Chun moltaí a fhorbairt, tugadh raon táscach de idir moladh amháin agus trí mholadh do gach foghrúpa le haghaidh líon na moltaí, le huasmhéid de chúig mholadh. Chun treoshuíomhanna a chur in ord tosaíochta ar leibhéal an fhoghrúpa, bhain na saoránaigh úsáid as córas rangaithe, lena ndearna siad treoshuíomhanna a bhfoshrutha féin a mheas le lántacaíocht ón bPainéal. Ansin, rinne siad obair ar an gceann a fuair an tacaíocht is airde óna bhfoghrúpa féin, agus mar sin de.

Díríodh obair an fhoghrúpa ina dhiaidh sin ar threoshuíomhanna a thiontú ina moltaí. Chuige sin, bhain na saoránaigh úsáid as teimpléad le haghaidh moltaí:

	Tuairisc	Uasteorainn Comharthaí in EN
Moladh Deiridh	Molaimid go...	1000
Réasúnú Deiridh	Molaimid é mar gheall ar...	300

Seo a leanas na gnéithe/ceisteanna a raibh ar an ngrúpa iad a chur san áireamh (moladh láidir seachas oibleagáid dhocht) *agus an t-údar á thabhairt acu leis na moltaí:*

1. *Cén fáth a bhfuil an moladh seo tábhachtach agus ábhartha do thopaicí an Phainéil?*
2. *Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?*
3. *Cad iad na héifeachtaí neamh-inmhianaithe a bhaineann leis an moladh seo nó cad iad na nithe a chaithfí a thabhairt suas dá nglacfaí leis, agus cén fáth a gceapaimid go bhfuil sé tábhachtach é a dhéanamh mar sin féin?*

2 Tá an Tuarascáil ó Sheisiún 2 de Phainéal 2 ar fáil ag: Painéal 2 - seisiún 2 - Tuarascáil

Le linn na hoibre i bhfoghrúpaí, tionóladh ceithre sheisiún aiseolais idir na foghrúpaí, de thart ar 30 nóiméad an ceann, chun cabhrú le rannpháirtithe tuiscint a fháil ar an obair a rinne na foghrúpaí eile agus chun a gcuid moltaí féin a shaibhriú. I ngach seisiún aiseolais, bhog rannpháirtí amháin ó gach foghrúpa chuig seomra eile. Chuir an rannpháirtí sin i láthair na dréachtmholtaí a d'ullmhaigh a fhoghrúpa féin go nuige sin agus barúlacha a phiaraí á dtabhairt dá aire aige. Chuir glacadóir na nótaí an t-aiseolas isteach i scarbhileog ar líne don fhoghrúpa arb é údar na ndréachtmholtaí ionas go bhféadfaí tagairt dó, seachas a bheith ag tagairt don tuarascáil ó bhéal óna n-ionadaí.

Chaith an Painéal vóta i ndáil leis na moltaí ó gach foghrúpa ar an Domhnach an 12 Nollaig. Roimh an vóta, fuair na rannpháirtithe uile doiciméad ina raibh na dréachtmholtaí uile a gineadh an lá roimh ré ionas go bhféadfaidís iad a léamh ina dteanga féin (aistrithe go huathoibríoch ó Bhéarla). Rinneadh an vótáil ar fhoirm ar líne. Roinneadh an próiseas vótála i gcúig shliotán ag freagairt do chúig shruth an Phainéil. Cuireadh na moltaí i láthair de réir an tsrutha. Mhair gach sliotán ama 30 nóiméad. Tosaíodh gach sliotán ama le cur i láthair ó shaoránach amháin ó gach foghrúpa maidir le hobair a fhoghrúpa féin. Is é an príomhéascaitheoir a léigh amach gach ceann de mholtaí an tsrutha i mBéarla chun go mbeadh na saoránaigh in ann an ateangaireacht a chloisteáil go comhuaineach. Chaith na rannpháirtithe vóta ar na moltaí ina gceann agus ina gceann. Fuair na hateangairí go léir na dréachtmholtaí i scríbhinn i mBéarla roimh ré chun an ateangaireacht is fearr ab fhéidir a áirithiú tráth na vótála.

Le torthaí na vótaí deiridh, rangaíodh moltaí mar seo a leanas:

- Ghlac an Painéal moltaí a bhain amach an tairseach de 70 % nó níos mó de na vótaí a caitheadh.
- Measadh nár bhailíochtaigh an Painéal na moltaí nár éirigh leo an tairseach a bhaint amach agus áirítear iad in Iarscríbhinn III den tuarascáil seo.

Is féidir teacht ar fhístaifeadtaí na Seisiún Iomlánach anseo:

- Seisiún iomlánach an Phainéil an 10 Nollaig
- Seisiún iomlánach an Phainéil an 12 Nollaig

2. Comhthéacs Sheisiún 3 i bpróiseas na bPainéal Saoránach Eorpach

Gné an-tábhachtach den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa iad na Painéil Saoránach Eorpach. Eagraíodh ceithre cinn de Phainéil Saoránach Eorpach trína mbeadh saoránaigh in ann machnamh i gcomhpháirt a dhéanamh ar a bhfuil uathu don Aontas Eorpach amach anseo.

- Ceithre Phainéal, le tuairim is 200 saoránach Eorpach ó na 27 mBallstát ar gach ceann acu, iad á roghnú go randamach;
- Iad éagsúil mar atá an tAontas Eorpach: tionscnamh geografach (náisiúntacht, uirbeach/tuaithe), inscne, aois, cúlra socheacnamaíoch agus leibhéal oideachais;
- Saoránach fir amháin agus saoránach mná amháin ar a laghad ó gach Ballstát ar gach Painéal;
- Daoine óga (16 - 25 bliana d'aois) ag déanamh suas aon trian de gach Painéal. Cruthaíodh nasc speisialta idir an grúpa óige sin agus an Cruinniú Eorpach um an Óige.

Tiocfaidh gach Painéal le chéile trí huaire idir Meán Fómhair 2021 agus Feabhra 2022. Tionóladh seisiún 1 in Strasbourg, i bParlaimint na hEorpa. Tionóladh seisiún 2 ar líne, ag baint úsáide as Interactio: Uirlis ar líne lenar féidir cruinnithe ilteangacha a thionól le hateangaireacht chomhuaineach in 24 theanga. Tionólfar seisiún 3 i gceithre Bhallstát éagsúla: Painéal 1 i mBaile Átha Cliath ag an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha agus i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Painéal 2 i bhFlórans ag an Institiúid Ollscoile Eorpach, Painéal 3 in Natolin i gColáiste na hEorpa, agus Painéal 4 in Maastricht in Institiúid Eorpach an Riaracháin Phoiblí, Ollscoil Eacnamaíochta Maastricht agus Ionad Taispeántais agus Comhdhála Maastricht.

Cé gur seisiún tosaigh a bhí i seisiún 1 a bhí dírithe ar fhís a thógáil, cláir oibre a leagan síos agus na hábhair ar theastaigh ó na saoránaigh díriú orthu a chur in ord tosaíochta, agus go raibh seisiún 2 dírithe ar mhionscrúdú a dhéanamh ar na hábhair sin agus ar threoirlínte a cheapadh, bhí seisiún 3 dírithe ar ionchur a chur ar fáil don Seisiún Iomlánach trí shraith moltaí a cheapadh d'institiúidí an Aontais chun obair leantach a dhéanamh ina leith.

3. Na príomhthorthaí ón seisiún: Moltaí arna nglacadh ag an bPainéal (le tabhairt ar aghaidh chuig an Suí Iomlánach)

Sruth 1 Cearta agus neamh-idirdhealú a áirithiú

Foshruth 1.1 Neamh-idirdhealú / Foshruth 1.2 Comhionannas inscne

1. **'Molaimid go soláthródh an tAontas Eorpach critéir maidir leis an bhfrith-idirdhealú i margadh an tsaothair (cuótaí do dhaoine óga, daoine scothaosta, mná, mionlaigh). Má chomhlíonann cuideachtaí na critéir, gheobhaidh siad fóirdheontais nó buntáistí cánach'.**
Molaimid go bhfeabhsófaí feasacht an fhostaí ar na nithe seo a leanas:

- **institiúidí fornáisiúnta agus náisiúnta (e.g. ceardchumainn).**
- **sásraí lena n-áirithítear go n-urramaíonn cuideachtaí na rialacha reatha maidir le neamh-idirdhealú san ionad oibre.**
- **cláir cháilíochta do ghrúpaí sóisialta atá leochaileach i leith an idirdhealaithe sa mhargadh fostaíochta (an óige, daoine scothaosta, mná, mionlaigh).**

Molaimid go nglacfaí dlí de chuid an Aontais atá ina dhlí dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, fóirdheontais a sholáthar chun fostaithe a fhostú ó chatagóirí áirithe atá leochaileach i leith an idirdhealaithe. Ar an dara dul síos, ba cheart, leis an dlí, go gceanglófaí ar fhostóirí na grúpaí sin a fhostú go ceann íostréimhse.'

Is amhlaidh atá toisc go bhfuil AE freagrach as cothromaíocht a choinneáil idir leasanna an tsaormhargaidh agus cosaint catagóirí leochaileacha, ba cheart a choimirciú go dlíthiúil. Bíonn cuideachtaí claonta i leith grúpaí ilchineálacha toisc go mbíonn cáilíochtaí éagsúla ag na daoine iontu. Is dreasacht bhreise iad fóirdheontais a bheidh le soláthar do chuideachtaí.

2. **'Molaimid go gcruthódh an tAontas Eorpach clár dreasachta a d'éascódh cruthú naíscoileanna inacmhainne agus clós súgartha inacmhainne i gcuideachtaí móra agus i gcuideachtaí beaga. Is rogha inmharthana iad saoráidí comhroinnte freisin a d'fhágfadh gnólachtaí beaga a bheith in ann an fóirdheontas a fháil.**
Molaimid go gcuirfeadh an tAontas Eorpach iallach ar chuideachtaí naíscoileanna a chruthú ar bhealach atá comhréireach le líon na bhfostaithe.'

Molaimid é sin toisc, trí shaol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil a nascadh le chéile, go gcuirtear feabhas ar fheidhmíochtaí poist, go laghdaítear an dífhostaíocht agus go bhfágtar gur féidir le tuismitheoirí, go háirithe mná, leanúint dá ngairmréim. Trí bhéim a leagan ar an ngné shóisialta, leis an réiteach atá beartaithe, ráthaítear sábháilteacht na leanaí agus laghdaítear imní na dtuismitheoirí.

Foshruth 1.3 Cearta an duine agus cearta an dúlra agus na n-ainmhithe a chosaint

3. **'Molaimid go gcosnófaí dea-bhail na n-ainmhithe agus an inbhuanaitheacht san fheirmeoireacht trí leasú a dhéanamh ar Threoir 98/58/CE *maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun críocha feirmeoireachta*. Ní mór critéir íosta níos mionsonraithe a shainiú. Ba cheart na critéir sin a bheith sonrach, intomhaiste agus faoi cheangal ama. Ba cheart na critéir íosta a leagan síos ar bhealach a d'fhágfadh caighdeáin níos airde a bheith ann maidir le dea-bhail na n-ainmhithe agus ag an am céanna a réiteodh an bealach d'aistriú i dtreo inbhuanaitheacht na haeráide agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil agus i dtreo na talmhaíochta éiceolaíche'.**

Creidimid, mar shaoránaigh, go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh íoschaighdeáin níos láidre ann a chomhchuibheofaí laistigh den Aontas maidir le feirmeoireacht ainmhithe. Is eol dúinn go bhféadfadh an t-aistriú fadhbanna a chruthú i roinnt earnálacha talmhaíochta a fhaigheann fóirdheontais, agus dóibhsean atá ag aistriú chuig an bhfeirmeoireacht éiceolaíoch agus inbhuanaithe. Is dóigh linn, áfach, go bhfuil sé an-tábhachtach a áirithiú go dtarlóidh an t-aistriú sin.

4. **'Molaimid go gcuirfí chun cinn talmhaíocht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid san Eoraip agus ar fud an domhain trí cháin a ghearradh ar na hastaíochtaí diúltacha uile, ar lotnaidicídí agus ar ró-úsáid uisce, etc..., bunaithe ar a dhíobháilí atá siad don chomhshaol. Ní mór na dleachtanna custaim ar na hearraí talmhaíochta uile a allmhairítear isteach san Aontas deireadh a chur leis na buntáistí iomaíochta atá ag tríú tíortha nach bhfuil na caighdeáin atá ag an Aontas acu. Chun talmhaíocht atá neamhdhíobhálach d'ainmhithe a chur chun cinn, molaimid go ngearrfaí cáin ar astaíochtaí a eascraíonn as iompar fadraoin ainmhithe'.**

Tríd an gcóras sin a bhunú, creidimid go bhféadfaí tacú leis an aistriú i dtreo talmhaíocht atá neamhdhíobhálach don aeráid agus don chomhshaol.

5. **'I gcomhthéacs a lán bréagnuachta, molaimid go ndéanfaí clúdach níos neamhspleáiche, níos oibiachtúla agus níos cothroime sna meáin a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**
1. Treoir maidir le caighdeáin íosta do neamhspleáchas na meán a fhorbairt ar leibhéal an Aontais.
2. Forbairt inniúlachta sna meáin do gach saoránach a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais'.

Ní mór don Aontas treoir a ullmhú chun neamhspleáchas na meán agus an tsaoirse cainte a áirithiú.

6. **'Molaimid go staonfaí ó fhóirdheonú a dhéanamh ar an olltáirgeadh talmhaíochta mura n-eascraíonn aistriú i dtreo talmhaíocht atá neamhdhíobhálach don aeráid, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá éiceolaíoch as. Ina ionad sin, molaimid go ndéanfaí na fóirdheontais a atreorú chun tacú le haistriú inbhuanaithe'.**

In áit earnáil talmhaíochta na hollfheirmeoireachta a fhóirdheonú, ba cheart na fóirdheontais a atreorú chuig feirmeacha atá i mbun trasdula chun na híoschaighdeáin nua maidir le leas ainmhithe a chomhlíonadh.

Foshruth 1.4 An ceart chun príobháideachais

7. **'Molaimid eintitis a phróiseálann sonraí pearsanta a bheith ceadúnaithe ar leibhéal an Aontais. Beidh na heintitis sin faoi réir iniúchadh neamhspleách, seachtrach, bliantúil ar chosaint sonraí freisin. Gearrfar pionós ar na heintitis sin as sáruithe ar chosaint sonraí go comhréireach lena láimhdeachas bliantúil ar bhealach níos déine ná mar a dhéantar faoin rialachán reatha. Ba cheart an ceadúnas a chealú de dhroim dhá shárú chomhleanúnacha, agus láithreach bonn de dhroim sárú tromchúiseach'.**

Molaimid an méid sin go léir toisc nach leor na rialacháin reatha (RGCS) agus toisc gur gá faireachán níos fearr a dhéanamh ar eintitis agus smachtbhannaí a chur orthu lena chinntiú nach sáróidh siad cosaint sonraí ná an ceart chun príobháideachais.

8. **'Molaimid go neartófaí inniúlacht an Aontais sna réimsí seo a leanas: 1) an t-oideachas ar an gcosaint sonraí, 2) múscailt feasachta ar an gcosaint sonraí agus 3) sonraí pearsanta na mionaoiseach a chosaint. Molaimid go leagfaí síos rialacha níos soiléire agus níos déine maidir le próiseáil sonraí na mionaoiseach in RGCS, lena n-áirítear rialacha maidir le toiliú, fíorú aoise agus rialú ag caomhnóirí dlíthiúla. Molaimid freisin catagóir speisialta a thabhairt isteach in RGCS le haghaidh sonraí íogaire mionaoiseach (e.g. taifead coiriúil, faisnéis sláinte, lomnochtacht) ionas go gcosnófaí mionaoisigh ar aon chineál mí-úsáide agus idirdhealaithe'.**

Tá gá leis an moladh sin toisc go bhfuil mionaoisigh an-leochaileach i leith sáruithe ar chosaint sonraí agus ar phríobháideacht agus toisc nach ann faoi láthair d'fheasacht leordhóthanach ar chosaint sonraí i measc an phobail i gcoitinne, go háirithe mionaoisigh, múinteoirí agus caomhnóirí dlíthiúla. Caithfidh siad uile foghlaim conas seirbhísí a bhaineann le sonraí ar líne agus as líne a úsáid agus conas cearta príobháideachais leanaí a chosaint. Ina theannta sin, is minic a fhéadfaidh caomhnóirí dlíthiúla toiliú le próiseáil sonraí leanaí gan a bheith go hiomlán ar an eolas faoi agus féadfaidh leanaí ligean orthu féin go bhfuil toiliú an tuismitheora acu. Agus ar ndóigh tá gá leis an moladh sin toisc nach ann d'fheachtas múscailte feasachta ar chosaint sonraí ar fud AE atá dírithe go sonrach ar mhionaoisigh, ar chaomhnóirí dlíthiúla agus ar mhúinteoirí, in ainneoin a ríthábhachtaí atá sé.

9. **'Molaimid beartais chaighdeánaithe phríobháideachais agus foirmeacha toilithe atá intuigthe, gonta agus soláimhsithe a thabhairt isteach lena léirítear go soiléir cén phróiseáil sonraí a bhfuil géarghá léi agus cén ceann atá roghnach. Molaimid go mbeadh sé éasca, tapa agus buan toiliú a bhaint. Molaimid go gcuirfí cosc ar eintitis a gcuid seirbhísí a theorannú níos mó ná mar is gá mura bhfuil toiliú le próiseáil roghnach sonraí ann'.**

Molaimid é sin toisc nach bhfuil rialacha reatha an Aontais cruinn go leor, go bhfuil tarraingt siar as toiliú fada, sealadach agus casta, agus toisc nach bhfuil suim ag eintitis a seirbhísí a thairiscint do shaoránaigh a fhaigheann a gcearta cosanta sonraí ar ais.

Sruth 2: An daonlathas agus an smacht reachta a chosaint

Foshruth 2.1 An smacht reachta a chosaint

10. **'Molaimid go leasófaí an rialachán coinníollachta (2020/2092, a glacadh an 16 Nollaig 2020) ionas go mbeidh feidhm aige maidir leis na sáruithe uile ar an smacht reachta seachas maidir le sáruithe a dhéanann difear do bhuiséad AE, agus maidir leo sin amháin'.**

Fágann an rialachán coinníollachta gur féidir cistí an Aontais do Bhallstáit a sháraíonn an smacht reachta a chur ar fionraí. Faoin bhfoirmliú reatha, áfach, níl feidhm aige ach maidir le sáruithe a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais nó a bhfuil baol ann go ndéanfaidh siad difear dó. Ina theannta sin, an leagan amach atá ar an rialachán coinníollachta faoi láthair, cosnaíonn sé buiséad AE

mar aon le hinstitiúidí AE seachas saoránaigh na mBallstát lena mbaineann. Dá bhrí sin, molaimid go ndéanfaí téacs reatha an rialacháin a athrú ionas go gcumhdófaí leis na sáruithe uile ar an smacht reachta.

11. **'Molaimid go n-eagródh an tAontas comhdhálacha bliantúla ar an smacht reachta tar éis fhoilsiú na Tuarascála bliantúla ar an Smacht Reachta (sásra an Choimisiúin chun faireachán a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann na Ballstáit an smachta reachta). Ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit toscaireachtaí náisiúnta atá éagsúil go sóisialta a chur chuig an gcomhdháil, lena n-áirítear saoránaigh agus státseirbhísigh araon".**

Chothódh an chomhdháil sin idirphlé i measc shaoránaigh an Aontais maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta mar aon le hidirphlé idir saoránaigh agus saineolaithe a dhréachtaíonn na Tuarascálacha bliantúla ar an Smacht Reachta. Creidimid, i gcomhthéacs comhthuisceana agus comhroinnte frithpháirtí, go bhféadfadh na rannpháirtithe dea-chleachtais agus smaointe a thabhairt ar ais chuig a dtíortha dúchais. Thairis sin, mhúsclódh an chomhdháil feasacht agus tuiscint ar phrionsabal an smachta reachta agus ar na torthaí agus an próiseas is bun leis an Tuarascáil bhliantúil ar an Smacht Reachta. Tharraingeodh sí aird na meán freisin, agus d'fhágfadh sí go bhféadfadh na saoránaigh a dtaithí a roinnt agus í a chur i gcomparáid le torthaí na Tuarascála.

Foshruth 2.2 An daonlathas a chosaint agus a neartú / Foshruth 2.4 Na meáin agus an bhréagaisnéis

12. **'Molaimid go bhfoirfheidhmeodh an tAontas Eorpach a rialacha iomaíochta in earnáil na meán ar bhealach níos déine chun a áirithiú go gcosnófar iolrachas na meán sna Ballstáit uile. Ba cheart don Aontas Eorpach cosc a chur ar mhonaplachtaí móra meán agus ar phróisis cheapacháin pholaitiúla do bhoird eagraíochtaí meán. Molaimid freisin go mbeadh, i nGníomh sin AE um Shaoirse na Meán atá ar na bacáin, rialacha maidir le cosc a chur ar pholaiteoirí a bheith ina n-úinéirí ar eagraíochtaí meán nó tionchar láidir a bheith acu ar a n-inneachar".**

Molaimid é sin toisc, trí rialacha iomaíochta AE a fhorfheidhmiú, go gcothaítear comhthéacs meán iolraíoch ina bhfuil rogha ag na saoránaigh . Ós rud é go bhfuil dlí (an Gníomh um Shaoirse na Meán) á fhorbairt ag an gCoimisiún faoi láthair ar mhaithe le sláine mhargadh meán an Aontais, ba cheart a léiriú leis an dlí sin freisin nár cheart eagraíochtaí meán a bheith faoi úinéireacht polaiteoirí ná faoina dtionchar.

Foshruth 2.3 Slándáil

13. **'Molaimid go mbeadh ról níos láidire ag institiúidí an Aontais, ag tarraingt dóibh ar na huirlisí uile atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear lárionaid náisiúnta don chibearshlándáil agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), i ndáil le daoine aonair, eagraíochtaí agus institiúidí a chosaint ar bhagairtí nua a eascraíonn as sáruithe ar an gcibearshlándáil agus as úsáid na hIntleachta Saorga chun críocha coiriúla. Molaimid freisin go ndéanfaí na treoracha ón Eoraip agus óna gníomhaireachtaí a chur chun feidhme i gceart agus a scaipeadh i gceart sna Ballstáit uile'.**

Molaimid é sin toisc go mbraitheann na saoránaigh go bhfuil siad gan treoir agus nach bhfuil siad ar an eolas faoina ndéanann an tAontas Eorpach chun dul i ngleic leis na bagairtí sin. Molaimid é sin toisc gur ábhar imní tromchúiseach slándála náisiúnta agus Eorpaí iad na bagairtí sin. Molaimid é sin toisc gur cheart go mbeadh an Eoraip ina fíornuálaí sa réimse úd.

14. **'Molaimid go ndéanfadh an tAontas Eorpach, ina chaidreamh le tíortha seachtracha, neartú ar luachanna daonlathacha coiteanna ina theorainneacha ar dtús. Molaimid nach bhféadfaidh an tAontas Eorpach a bheith ina ambasadóir ar ár múnla daonlathach sna tíortha atá réidh lena chur**

chun feidhme agus atá toilteanach é a chur chun feidhme, trí thaidhleoireacht agus idirphlé, ach ar é an méid sin a bhaint amach'.

Molaimid é sin toisc gur gá dúinn bail a chur ar an Aontas seo againne sula ndéanfaimid iarracht ar bhail a chur ar na críocha lasmuigh. Toisc gur féidir leis an Eoraip, agus gur cheart di, tacú leis na Ballstáit an daonlathas a neartú. Óir is trí cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus trí thacú le hiarrachtaí na dtíortha seachtracha i leith an daonlathais a chosnaímid sinn féin.

Sruth 3: An tAontas Eorpach a athchóiriú

Foshruth 3.1 Athchóiriú institiúideach

15. **'Molaimid go n-athrófaí ainmneacha institiúidí an Aontais chun a bhfeidhmeanna a shoiléiriú. Mar shampla, d'fhéadfaí Seanad an Aontais Eorpaigh a thabhairt ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí Coimisiún Feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh a thabhairt ar an gCoimisiún Eorpach'.**

Molaimid é sin toisc go bhfuil sé deacair faoi láthair do na saoránaigh róil agus feidhmeanna gach institiúide de chuid an Aontais Eorpaigh a thuiscint. Ní léiríonn a n-ainmneacha a bhfeidhmeanna. Ní féidir a bheith ag dréim leis go bhféadfadh na saoránaigh idirdhealú a dhéanamh idir Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Chomhairle Eorpach agus Comhairle na hEorpa. Tá sé tábhachtach forluí a sheachaint.

16. **'Molaimid go nglacfaí dlí toghcháin do Pharlaimint na hEorpa lena gcomhchuibhítear coinníollacha toghcháin (aois vótála, dáta toghcháin, riachtanais do toghcheantair, iarrthóirí, páirtithe polaitiúla agus a maoiniú). Ba chóir go mbeadh sé de cheart ag saoránaigh na hEorpa vótáil do pháirtithe éagsúla ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bhfuil gach ceann acu comhdhéanta d'iarrthóirí ó Bhallstáit iomadúla. Le linn idirthréimhse leordhóthanach, d'fhéadfadh na saoránaigh vótáil i gcónaí do pháirtithe náisiúnta agus trasnáisiúnta araon'.**

Molaimid é sin toisc gur gá don Aontas Eorpach braistint aontachta a chothú, rud a d'fhéadfaí a bhaint amach trí thoghchán fíor-aontaithe de Pharlaimint na hEorpa. Fágfaidh an comhthoghchán sin mortabháil a bheith ar Fheisirí Pharlaimint na hEorpa an feachtas toghcháin a dhíriú ar ábhair Eorpacha chomhroinnte.

Foshruth 3.2 Cinnteoireacht

17. **'Molaimid go gcruthófaí ardán ar líne ina bhféadfadh na saoránaigh faisnéis a bhfuil seiceáil fíricí déanta uirthi a aimsiú agus a iarraidh. Ba cheart baint shoiléir a bheith ag an ardán le hinstitiúidí AE, ba cheart é a leagan amach de réir ábhar agus ba cheart é a bheith inrochtana go héasca (e.g. beolíne teileafóin san áireamh). Ba cheart go mbeadh na saoránaigh in ann ceisteanna criticiúla a chur ar shaineolaithe (e.g. an t-aos léinn, iriseoirí) agus freagraí fíorasacha maille le foinsí a fháil'.**

Tá an tsaor-rochtain ar fhaisnéis fhíorasach fíorthábhachtach dár sochaí, ionas go mbeidh eolas maith ag saoránaigh ar an mbréagnuacht agus ar an mbréagaisnéis agus go mbeidh siad cosanta orthu. Teastaíonn foinse faisnéise inchreidte agus neamhspleách uainn nach bhfuil tionchar ag leasanna polaitiúla, eacnamaíocha agus náisiúnta uirthi. Thairis sin, is féidir an t-ardán (i.e. caidreamh díreach) nasc a chruthú idir na saoránaigh agus AE.

18. **'Molaimid gur cheart reifreann uile-Aontais a bheith ann i gcásanna eisceachtúla maidir le hábhair atá fíorthábhachtach do shaoránaigh uile na hEorpa. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa**

an reifreann a thionscnamh agus ba cheart é a bheith ceangailteach ó thaobh an dlí de'.

Ba cheart go mbeadh tionchar níos dírí ag saoránaigh AE ar chinntí tábhachtacha maidir le hábhair uile-Aontais. Níor cheart reifrinn a reáchtáil, áfach, ach in imthosca eisceachtúla toisc go bhfuil na costais ró-ard chun iad a reáchtáil go rialta. Is eol dúinn go bhféadfadh athrú conartha agus oiriúnú bunreachtanna náisiúnta a bheith ag teastáil mar gheall ar an moladh seo.

19. **'Molaimid go gcruthófaí ardán digiteach ilfheidhmeach inar féidir leis na saoránaigh vóta a chaitheamh i dtoghcháin ar líne agus i vótáil ar líne. Ba cheart go mbeadh na saoránaigh in ann an bunús atá lena vóta ar shaincheisteanna tábhachtacha agus ar thograí reachtacha ó na hinstitiúidí Eorpacha a thabhairt. Ba cheart an t-ardán a bheith slán, inrochtana go forleathan agus an-infheicthe ag gach aon saoránach'.**

Is é is cuspóir don ardán sin rannpháirtíocht i bpolaitíocht na hEorpa a mhéadú agus rochtain na saoránach ar phróisis chomhairliúcháin agus vótála a éascú. Níl na huirlisí agus na próisis atá ann cheana infheicthe a dhóthain, agus sin é an fáth a bhfuil gá againn le huirlis chomhtháite nua do na feidhmeanna éagsúla sin. Is é an toradh a bhíonn ar rannpháirtíocht níos mó ná go ndéantar cinntí níos fearr, go mbíonn níos mó muiníne ann i measc shaoránaigh na hEorpa, agus go mbíonn an tAontas Eorpach ag feidhmiú níos fearr ar an iomlán.

20. **'Molaimid gur cheart athmheasúnú a dhéanamh ar na córais vótála in institiúidí an Aontais ag díriú ar shaincheist na vótála d'aon toil. Ba cheart an 'meáchan' vótála a ríomh go cothrom, ionas go gcosnófar leasanna na dtíortha beaga'.**

Tá an vótáil d'aon toil ina dúshlán suntasach don chinnteoireacht in AE. Tá sé thar a bheith deacair teacht ar chomhaontú mar gheall ar líon mór na mBallstát. Más gá, ba cheart conarthaí Eorpacha a athrú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na haontoilíochta.

Foshruth 3.3 Comhtháthú níos dlúithe

21. **'Molaimid go ndéanfadh an tAontas Eorpach infheistíochtaí poiblí a d'fhágfadh go gcruthófaí poist iomchuí agus go gcuirfí feabhas ar an gcaighdeán maireachtála, agus go ndéanfaí é a chomhchuibhiú, ar fud an Aontais, idir na Ballstáit, agus laistigh de na Ballstáit (i.e. ar an leibhéal réigiúnach). Is gá a áirithiú go mbeidh maoirseacht, trédhearcacht agus cumarsáid éifeachtach ann i leith na saoránach maidir le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí agus is gá deis a thabhairt do na saoránaigh próiseas iomlán na hinfheistíochta a leanúint. Áirítear ar na hinfheistíochtaí sa cháilíocht saoil oideachas, sláinte, tithíocht, bonneagair fhisiceacha, cúram do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus riachtanais gach Ballstáit á gcur san áireamh. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag infheistíochtaí breise cothromaíocht mhaith a bhaint amach idir an obair iomchuí agus an saol pearsanta chun stíl mhaireachtála shláintiúil a chothú'.**

Molaimid é sin toisc go gcuirfear feabhas ar an dul chun cinn eacnamaíoch ar fud an Aontais trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar an leibhéal saoil ar fud an Aontais, rud a fhágfaidh go mbeidh Aontas aontaithe ann. Is táscaire bunúsach é sin i leith AE a chomhtháthú tuilleadh. Cé go bhfuil roinnt de na sásraí sin i bhfeidhm cheana féin, measaimid gur féidir tuilleadh feabhais a dhéanamh fós.

22. **'Molaimid go ndéanfaí bonn coiteann a bhunú, de réir tacar táscairí eacnamaíocha agus táscairí maidir leis an gcáilíocht saoil, do na Ballstáit uile, agus na deiseanna céanna ann agus gach duine ar an leibhéal céanna chun comhstruchtúr eacnamaíoch a bhaint amach. Tá sé tábhachtach go mbunófaí an bonn coiteann úd de réir amlíne shoiléir agus réalaíoch arna leagan síos ag na hinstitiúidí ar mholadh ó shaineolaithe. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle le saineolaithe freisin**

maidir leis an gcuma ba cheart a bheith ar an gcomhstruchtúr eacnamaíoch sin. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfaí na táscairí is bun leis an mbonn coiteann a shainiú tuilleadh le cabhair ó shaineolaithe'.

Molaimid an méid sin toisc go mbeidh Eoraip níos aontaithe againn má tá Aontas Eorpach cóir againn. Le bheith cóir, ní mór dúinn comhionannas deiseanna agus bonn comhchoiteann a chur ar fáil don Aontas Eorpach ar fad. Ní féidir comhstruchtúr eacnamaíoch a bhaint amach go dtí go mbunófar bonn comhchoiteann.

23. **'Molaimid cáin a ghearradh ar chorparáidí móra agus ar ioncam ó chorparáidí móra chun cur le hinfheistíochtaí poiblí, agus an cánachas sin a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus san fhorbairt i ngach tír (T&F , scoláireachtaí – Erasmus etc.). Tá sé tábhachtach freisin díriú ar dheireadh a chur le tearmainn chánacha san Aontas Eorpach'.**

Molaimid an méid sin toisc go gcuideoidh sé le cosc a chur le himghabháil cánach agus le tearmainn chánach a chruthú agus cuideoidh sé le comhlíonadh reachtaíochta.

Sruth 4: Féiniúlacht Eorpach a chothú

Foshruth 4.1 Oideachas ar an daonlathas

24. **'Molaimid gur cheart go ndéanfaí iarracht leis an oideachas maidir leis an daonlathas san Aontas Eorpach chun caighdeán íosta eolais a fheabhsú agus a bhaint amach ar fud na mBallstát. Ba cheart go n-áireofaí leis an oideachas sin próisis dhaonlathacha agus fhaisnéis maidir leis an Aontas Eorpach, ach gan a bheith teoranta dóibh, agus ba cheart é a mhúineadh i ngach Ballstát den Aontas Eorpach. Ba cheart an t-oideachas sin a shaibhriú tuilleadh trí shraith de choincheapa éagsúla lena múintear an próiseas daonlathach, ar cheart dóibh a bheith tarraingteach agus oiriúnach ó thaobh aoise de'.**

Tá tábhacht leis an moladh seo agus leis na cúiseanna a thugann údar leis mar, dá gcuirfí chun feidhme é, beidh saol níos comhchuí agus níos daonlathaí san Aontas Eorpach mar thoradh air sin. Is iad seo a leanas na réasúnuithe: chuirfí oideachas ar dhaoine óga maidir le próisis dhaonlathacha; d'fhéadfaí teorainn a chur leis an bpobalachas agus leis an mbréagaisnéis sa díospóireacht phoiblí mar thoradh ar an oideachas sin; d'fhéadfaí an t-idirdhealú a laghdú mar thoradh air; agus ar deireadh, d'fhéadfaí oideachas a chur ar shaoránaigh agus iad a dhéanamh páirteach sa daonlathas thar a ndualgas vótála amháin.

25. **'Molaimid go ndéanfaí teicneolaíochtaí aistriúcháin atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, amhail an intleacht shaorga, a fhorbairt tuilleadh, a fheabhsú agus iad a dhéanamh níos inrochtana chun bacainní teanga a laghdú agus chun féiniúlacht choiteann agus daonlathas san Aontas Eorpach a neartú'.**

Tá tábhacht leis an moladh seo agus leis na cúiseanna a thugann údar leis mar, dá gcuirfí chun feidhme é, cuideoidh sé chun féiniúlacht choiteann Eorpach a chruthú trí fheabhas a chur ar chumarsáid idir saoránaigh na mBallstát ar fad.

26. **'Molaimid gur cheart go mbeadh faisnéis infhíoraithe ar fáil go héasca, i dtéarmaí intuigthe, do shaoránaigh trí fheidhmchlár ar ghléas móibíleach chun trédhearcacht, plé poiblí agus daonlathas a fheabhsú. D'fhéadfadh an aip seo faisnéis a scaipeadh, mar shampla maidir le reachtaíocht, plé laistigh den Aontas Eorpach, athruithe ar chonarthaí etc'.**

Tá tábhacht leis an moladh seo agus leis na cúiseanna a thugann údar leis mar, dá gcuirfí chun feidhme é, éascóidh sé cumarsáid i dtéarmaí plé níos eolasaí idir saoránaigh na mBallstát faoi seach, trí aip a bhféadfadh a lán feidhmeanna éagsúla a bheith aici. Bá cheart an aip seo a dhearadh chun go mbeidh sí ábhartha do chách, chomh maith le tuilleadh fiosrachta a spreagadh agus faisnéis theicniúil a dhéanamh níos inrochtana agus tarraingtí. Ba cheart an aip a thuiscint mar fhoinse fhorlíontach, lena scaiptear faisnéis atá fíoraithe go hoifigiúil go díreach ag an Aontas Eorpach chun feabhas a chur ar mhuinín, ar thrédhearcacht sa díospóireacht phoiblí agus chun cuidiú le féiniúlacht choiteann Eorpach a chruthú.

Foshruth 4.2 Luachanna agus féiniúlacht Eorpach

27. **'Molaimid don Aontas Eorpach ciste speisialta a chruthú d'idirghníomhaíochtaí ar líne agus as líne (i.e. cláir mhalartaithe, painéil, cruinnithe) a mhaireann tréimhse ghearr nó tréimhse níos faide araon idir saoránaigh an Aontais, chun an fhéiniúlacht Eorpach a neartú. Ba cheart do na rannpháirtithe a bheith ionadaíoch ar an tsochaí ó laistigh den Aontas Eorpach ina mbeadh grúpaí spriocdhírithe bunaithe ar chritéir éagsúla, i.e. critéir dhéimeagrafacha, shocheacnamaíocha agus ghairmeacha. Ní mór spriocanna an chiste seo a shonrú go soiléir d'fhonn an fhéiniúlacht Eorpach a spreagadh agus ní mór an ciste a mheas ar bhonn rialta'.**

Molaimid é seo toisc go gcuireann na cineálacha sin idirghníomhaíochtaí ar chumas na saoránach smaointe a roinnt, agus trí mhalartuithe níos faide cuirtear ar a gcumas na cultúrtha éagsúla a thuiscint agus taithí a roinnt, lena n-áirítear cleachtais ghairmiúla. Tá gá le ciste AE mar go bhfuil sé tábhachtach gur féidir le gach duine a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear iad siúd nach mbíonn rannpháirteach ann go ginearálta.

28. **'Molaimid go ndéanfadh an tAontas Eorpach infheistíocht chun cur i gcoinne bréagaisnéise go tapa, trí thacú le heagraíochtaí agus tionscnaimh atá ann cheana, amhail an Cód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis agus an Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha, agus tionscnaimh chomhchosúla sna Ballstáit. D'fhéadfaí a áireamh sna frithbhearta seiceáil fíricí, feasacht ar bhréagaisnéis a chruthú, staidreamh a bhfuil rochtain éasca air a sholáthar, smachtbhannaí iomchuí a ghearradh orthu siúd a scaipeann bréagaisnéis bunaithe ar chreat dlíthiúil, agus dul i ngleic le foinsí na bréagaisnéise'.**

Tá an moladh sin tábhachtach mar go gcruthaíonn an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis, ó laistigh agus lasmuigh den Aontas, coinbhleachtaí i measc shaoránaigh an Aontais, déanann siad an tsochaí a pholarú, cuireann siad an daonlathas i mbaol agus déanann siad dochar don gheilleagar. I bhfianaise chastacht an ábhair, tá gá le hacmhainní suntasacha daonna agus airgeadais.

29. **'Molaimid 1) minicíocht na n-idirghníomhaíochtaí ar líne agus as líne idir an tAontas Eorpach agus a shaoránaigh a mhéadú (i.e. trí cheisteanna a chur ar shaoránaigh go díreach faoi chúrsaí AE agus trí ardán soláimhsithe a chruthú chun a chinntiú gur féidir le gach saoránach idirghníomhú le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh agus le hoifigigh an Aontais Eorpaigh), agus 2) chun a chinntiú gur féidir le saoránaigh páirt a ghlacadh i bpróiseas ceaptha beartais an Aontais Eorpaigh, a gcuid tuairimí a chur in iúl agus aiseolas a fháil, molaimid cairt nó cód iompair nó treoirlínte a chruthú d'oifigigh an Aontais Eorpaigh. Ba cheart go mbeadh modhanna éagsúla idirghníomhaíochta ann ionas gur féidir le gach saoránach a bheith rannpháirteach'.**

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil roinnt bealaí ann chun teacht ar institiúidí AE (ardáin ar líne, comhlachtaí ionadaithe), ach níltear ar an eolas fúthu, níl siad éifeachtach agus níl siad trédhearcach. Tá difríochtaí móra ó thaobh inrochtaineachta de ó thír go tír. Má bhíonn idirghníomhaíochtaí níos

minice agus ar chaighdeán níos fearr ann, beidh braistint úinéireachta ann ar shaoránacht AE mar thoradh air sin.

30. **'Molaimid gur cheart go bhfaigheadh féiniúlacht agus luachanna Eorpacha (i.e. an smacht reachta, daonlathas agus dlúthpháirtíocht) áit speisialta laistigh de phróiseas lánpháirtithe na n-imirceach. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta féideartha cláir a chruthú nó tacú le cláir (áitiúla) atá ann cheana, chun idirghníomhaíocht shóisialta a spreagadh idir imircigh agus saoránaigh an Aontais Eorpaigh nó cuideachtaí a dhéanamh páirteach sna cláir a thacaíonn le himircigh a lánpháirtiú. Ag an am céanna, ba cheart cláir chomhchosúla a thionscnamh chun feasacht a mhúscailt i measc shaoránaigh an Aontais Eorpaigh maidir le saincheisteanna a bhaineann le himirce'.**

Tá an moladh sin tábhachtach mar is féidir le cláir idirghníomhaíochta sóisialta tacú le himircigh ina saol nua agus daoine nach imircigh iad a chumasú chun léargas a fháil ar shaol laethúil na n-imirceach. Má tá imircigh ina gcónaí i ngeiteonna, níl deis ann iad a lánpháirtiú i sochaí na tíre agus an Aontais Eorpaigh. Tá gá le comhbheartas mar nuair a thagann imircigh isteach i gcríoch an Aontais, is féidir leo dul go dtí gach tír laistigh den Aontas. Ba cheart tacú le tionscnaimh áitiúla mar go n-úsáidfidh rialtais áitiúla na cistí ar bhealach níos éifeachtaí i gcomparáid leis an leibhéal náisiúnta.

Foshruth 4.3 Faisnéis faoi AE

31. **'Molaimid gur cheart don Aontas Eorpach níos mó faisnéise agus nuachta a chur ar fáil do shaoránaigh na hEorpa. Ba cheart dó leas a bhaint as aon mhodh atá riachtanach agus saoirse agus neamhspleáchas na meán á n-urramú. Ba cheart dó acmhainní a chur ar fáil d'eagraíochtaí meán chomh maith le faisnéis leathan agus iontaofa faoi ghníomhaíochtaí agus beartais an Aontais Eorpaigh. Ba cheart don Aontas Eorpach a ráthú go gcraolfar an fhaisnéis go cothrom ar fud na mBallstát ag meáin Náisiúnta agus Eorpacha agus ba cheart dó a áirithiú go spreagfaidh na Ballstáit craoltóirí agus gníomhaireachtaí nuachta poiblí chun gnóthaí Eorpacha a chumhdach'.**

Molaimid an méid sin mar, bunaithe ar ár dtaithí phearsanta agus bunaithe ar shonraí ó Eorabharaiméadar, go gcuirtear formhór shaoránaigh na hEorpa ar an eolas trí na meáin thraidisiúnta (preas, raidió agus teilifís) agus go bhfuil an fhaisnéis faoin Aontas Eorpach atá á cur ar fáil ar na bealaí sin fíorghann. Tá feidhm seirbhíse poiblí ag na meáin, go háirithe na meáin phoiblí, agus dá bhrí sin tá sé riachtanach tuairisciú a dhéanamh ar shaincheisteanna AE a dhéanann difear do mhuintir na hEorpa agus tá sé fíor-riachtanach chun an fheidhm sin a chomhlíonadh. Molaimid go mbeadh an fhaisnéis a eisítear sna Ballstáit éagsúla faoin Aontas Eorpach mar an gcéanna d'fhonn lánpháirtiú a chur chun cinn agus faisnéis éagsúil faoi shaincheisteanna i ngach tír a sheachaint. Tá sé níos indéanta na bealaí meán atá ann cheana a úsáid, níl sé chomh costasach le bealach nua a chruthú agus baintear an toradh céanna amach leis sin. Tá sé de bhuntáiste ag na bealaí atá ann cheana go bhfuil saoránaigh ar an eolas fúthu cheana féin. Níor cheart go mbeadh ar aon saoránach rogha a dhéanamh idir bealaí éagsúla chun rochtain a fháil ar ábhar éagsúil (náisiúnta nó Eorpach).

32. **'Molaimid don Aontas Eorpach fóraim ilteangacha ar líne agus cruinnithe as líne inar féidir le saoránaigh tús a chur le plé le hionadaithe AE a chruthú agus a fhógairt, is cuma cén topaic agus cén raon feidhme geografach atá i gceist leis an tsaincheist a tharraingítear anuas. Ba cheart teorainn ama gearrthéarmach a bheith ar na fóraim ar líne agus na cruinnithe as líne sin ina bhfaighfear freagraí ar na ceisteanna a fhaightear. Ba cheart an fhaisnéis ar fad faoi na spásanna sin a lárú ar shuíomh gréasáin oifigiúil comhtháite a bhfuil gnéithe éagsúla aige; amhail spás do cheisteanna coitianta, an deis chun smaointe, moltaí nó ábhair imní a roinnt le saoránaigh eile agus le sásra chun na cinn is mó a bhfuil tacaíocht acu a shainaithint. Ar aon nós, ba cheart go mbeadh rochtain éasca air agus ba cheart teanga neamh-mhaorlathach a úsáid'.**

Molaimid an méid sin mar go gcruthófar leis bealach díreach idir saoránaigh na hEorpa agus ionadaithe Eorpach chun labhairt agus a bheith páirteach in éineacht lena chéile, lena dtugfar rochtain éasca do shaoránaigh ar fhaisnéis faoin Aontas Eorpach agus feasacht a mhúscailt eatarthu maidir leis an bhfaisnéis atá ann cheana. Cruthóidh sé Aontas Eorpach a bheidh níos trédhearcaí agus níos oscailte agus cuideoidh sé le saoránaigh a gcuid fadhbanna agus smaointe a roinnt, freagraí agus réitigh bheartais a fháil agus ceadóidh sé dóibh a bheith páirteach agus dearcthaí agus taithí a roinnt le saoránaigh eile.

33. **'Molaimid d'institiúidí agus d'ionadaithe an Aontais Eorpaigh teanga níos inrochtana a úsáid *agus úsáid téarmaí maorlathacha a sheachaint ina gcumarsáid agus, ag an am céanna, cáilíocht agus saineolas na faisnéise sin a choinneáil*. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas Eorpach an fhaisnéis a chuireann sé ar fáil do shaoránaigh a oiriúnú le bealaí cumarsáide éagsúla agus próifílí éagsúla lucht féachana (e.g. nuachtáin, teilifís, na meáin shóisialta). Ba cheart don Aontas iarracht ar leith a dhéanamh chun cumarsáid a oiriúnú do na meáin dhigiteacha d'fhonn cur lena chumas for-rochtana do dhaoine óga'.**

Molaimid an méid sin mar má bhíonn eolas intuigthe ann, beidh an tAontas Eorpach in ann dul i dteagmháil le níos mó saoránach Eorpach agus ní hamháin leis na saoránaigh pháirteacha. Trí uirlisí nua agus nua-aimseartha ar leith chun díriú ar lucht féachana ar leith, beidh saoránaigh in ann gníomhaíochtaí agus beartais AE a thuiscint níos fearr, go háirithe na daoine óga nach bhfuil i ndlúthpháirt nó ceangailte leis an Aontas Eorpach.

Sruth 5: Rannpháirtíocht na saoránach a neartú

Foshruth 5.1 Rannpháirtíocht na saoránach

34. **'Molaimid go mbeadh breathnóirí neamhspleácha saoránach i láthair le linn phróisis chinnteoireachta uile an Aontais. Ba cheart fóram nó buanchomhlacht ionadaithe saoránach a bheith ann chun an fheidhm a bhaineann le faisnéis ábhartha agus thábhachtach a chraoladh do shaoránaigh uile an Aontais mar shaoránaigh AE sainithe. Bheadh na saoránaigh sin páirteach in éineacht le gach saoránach Eorpach eile de mheon an naisc ó bharr anuas/ó bhun aníos, rud a dhéanfadh tuilleadh forbartha ar an idirphlé idir saoránaigh agus institiúidí an AE'.**

Toisc gur léir gur cheart na saoránaigh a choinneáil ar an eolas faoi na saincheisteanna go huile agus go hiomlán agus gur cheart déanamh deimhin de nach féidir le polaiteoirí saincheisteanna áirithe a cheilt ar shaoránaigh, ar saincheisteanna iad arbh fhearr leo nach mbeadh na saoránaigh ar an eolas ina dtaobh. Dhéanfaí leis an méid sin, an bhearna atá ann idir na saoránaigh agus ionadaithe tofa a dhúnadh trí bhealaí nua muiníne a chur ar bun.

35. **'Molaimid do AE tús a chur arís leis an bplé faoi bhunreacht na hEorpa d'fhonn bunreacht a bheith ann a bhunófar trí ionchur ó shaoránaigh AE. Ba cheart go mbeadh vóta ag na saoránaigh i mbunú bunreacht den sórt sin. Leis an mbunreacht sin, ar mhaithe le coinbhleacht leis na Ballstáit a sheachaint, ba cheart tús áite a thabhairt do chuimsiú na luachanna maidir le cearta an duine agus an daonlathas. Agus bunreacht den sórt sin á bunú ba cheart breithniú a dhéanamh ar iarrachtaí a rinneadh roimhe sin agus nár tháinig chun fíoraithe riamh le bunreacht'.**

Toisc go ndéanfaí leis an mbunreacht sin, rannpháirteachas na ndaoine óga leis an bpolaitíocht a spreagadh ar leibhéal AE agus go rachfaí i ngleic le fórsaí méadaitheacha an náisiúnachais. Ós rud é go dtabharfadh sé sainmhíniú coiteann ar cad is brí leis an daonlathas san Eoraip, agus go ndéanfaí deimhin de go gcuirfí an méid sin chun feidhme ar bhealach comhionann i measc na mBallstát uile. I ngeall go bhfuil luachanna comhroinnte ag AE maidir leis an daonlathas agus cearta an duine. Ós rud

é go gcuirfí ar chumas na saoránach a bheith san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta agus go ligfí do na saoránaigh iad féin a ionannú leis an Aontas ar bhonn níos fearr - tar éis dóibh a bheith rannpháirteach sa phróiseas.

36. **'Molaimid go mbeidh polaiteoirí níos freagraí agus ionadaíocht á déanamh acu ar na saoránaigh ar mhaithe lena n-ionadaíocht a dhéantar iad a thoghadh. Déantar daoine óga go háirithe a choimhthiú ón bpolaitíocht agus ní ghlactar leo i ndáiríre aon nuair a dhéantar iad a áireamh. Ach saincheist uilíoch is ea an coimhthiú agus ba cheart do dhaoine gan beann ar aois a bheith rannpháirteach ar bhonn níos mó ná mar atá siad faoi láthair'.**

Toisc gur gá athnuachan a dhéanamh ar céard is daonlathas ann. Ní foláir a mheabhrú dúinn féin céard is daonlathas ann i ndáiríre. Is éard is daonlathas ann ná ionadaíocht a dhéanamh ar na daoine (saoránaigh AE). Ós rud é go bhfuil a sáith ag daoine óga de pholaiteoirí agus gur díomách é a ndearcadh ina leith i ngeall gur mar chuid den scothaicme a léirítear polaiteoirí dóibh nach bhfuil ar aon fhocal lena dtuairimí féin. Is é sin an chúis gur cheart daoine a chur san áireamh ar bhonn níos fearr ná mar atá á dhéanamh faoi láthair ar bhealaí nua agus tarraingteacha. D'fhéadfadh an córas oideachais, na meáin shóisialta ansin, agus gach cineál meán eile an ról sin a chur i gcrích ar feadh na saolré agus i ngach teanga.

Foshruth 5.2 Rannpháirtíocht na saoránach

37. **'Molaimid go mbeidh caidreamh níos dlúithe ag AE leis na saoránaigh ar bhealach níos teanntásaí, lena gciallaítear go mbeidh na Ballstáit rannpháirteach i gcur chun cinn rannpháirtíocht na saoránach san Aontas. Ba cheart do AE an úsáid a bhaintear as sásraí rannpháirtíochta na saoránach a chur chun cinn, trí fheachtais mhargaíochta agus phoiblíochta a fhorbairt. Ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar na rialtais náisiúnta agus áitiúla a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin. Ba cheart do AE éifeachtacht na n-ardán rannpháirtíochta daonlathais a ráthú'.**

Molaimid é sin toisc gur gá an t-ardán atá ann cheana a dhéanamh níos láidre agus níos éifeachtúla: ní foláir do na saoránaigh tuilleadh aiseolais a thabhairt do AE agus a mhalairt a bheith amhlaidh i gcás AE. Ní leor an díospóireacht atá ar siúl laistigh de AE, idir na saoránaigh agus na rialtais araon. Ós rud é nach mbíonn na saoránaigh rannpháirteach i dtíolacadh achainíocha toisc nach bhfuil a fhios acu gurb ann don phróiseas nó i ngeall nach gcreideann siad go bhfuil rath ar a leithéid de rud agus achainí.

38. **'Molaimid do AE cláir a chruthú agus a chur chun feidhme do scoileanna faoin méid atá á dhéanamh in AE ó thaobh na sásraí rannpháirtíochta de atá cheana ann. Ba cheart na cláir sin a chur san áireamh i gcuraclaim na scoile ina dtráchtar ar shaoránacht agus eitic na hEorpa le hinneachar atá oiriúnach don aois. Ba cheart go mbeadh cláir ann do dhaoine fásta freisin. Ba cheart go mbeadh cláir foghlama ar feadh an tsaoil ar fáil do shaoránaigh chun a gcuid eolais a leathnú faoi na deiseanna atá ann don rannpháirtíocht i measc shaoránaigh AE'.**

Molaimid an méid sin, toisc go bhfuil sé tábhachtach do thodhchaí ár leanaí. Is mian leis na saoránaigh go mbeadh a fhios acu conas a nguth a chur in iúl. Tá sé tábhachtach go mbeidís ar an eolas faoi na sásraí beachta agus conas is féidir iad a úsáid, ionas go mbeidh a fhios ag AE gur ann dóibh. Tá sé tábhachtach ar mhaithe le cuimsiú comhionann shaoránaigh uile na hEorpa. Mar shaoránaigh Eorpacha, ní foláir dúinn fios a bheith againn conas ár gcearta a úsáid. De bhua gur saoránaigh den Eoraip sinn, táimid i dteideal an eolais sin.

Foshruth 5.3 Rannpháirtíocht na saoránach

39. **'Molaimid don Aontas Eorpach Tionóil na Saoránach a reáchtáil. Molaimid go láidir go bhforbrófar iad trí dhlí nó rialachán a bheidh ceangailteach agus éigeantach ó thaobh dlí de. Ba cheart tionóil na saoránach a reáchtáil gach 12-18 mí. Níor cheart rannpháirtíocht na saoránach a bheith éigeantach ach a bheith dreasaithe, agus a bheith eagraithe ar bhonn sainorduithe teoranta. Ní foláir rannpháirtithe a roghnú go randamach, le critéir ionadaíochais, agus gan ionadaíocht a bheith á déanamh ar aon eagraíocht de chineál ar bith, ná iarraidh orthu a bheith rannpháirteach i ngeall ar a ról gairmiúil agus iad ina gcomhaltaí tionóil. Más gá, beidh tacaíocht ar fáil ó shaineolaithe ionas go mbeidh dóthain eolais ag na comhaltaí tionóil chun dul i mbun plé. Is iad na saoránaigh a bheidh i mbun na cinnteoireachta. Ní foláir do AE tiomantas na bpolaiteoirí a áirithiú i leith chinntí na saoránach a dhéantar i dTionóil na Saoránach. I gcás ina ndéantar neamhaird de thograí na saoránach nó ina ndiúltaítear go sainráite dóibh, ní foláir d'institiúidí AE a bheith cuntasach ina leith, agus ní foláir údar cuí a thabhairt do na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin'.**

Molaimid cur chun feidhme Thionóil na Saoránach mar gur mian linn go mbeidh caidreamh níos dlúithe ag na saoránaigh le hinstitiúidí AE agus go rannchuideoidh siad go díreach leis an gcinnteoireacht ucht le hucht leis na polaiteoirí, lena méadófar an muintearas agus an éifeachtúlacht dhíreach. Thairis sin, is mian linn go mbeadh páirtithe polaitiúla agus a gcláir thoghcháin freagrach do na saoránaigh.

Iarscríbhinn I: Conas a rinneadh moltaí a tháirgeadh?

A. Forléargas ar Sheisiún 3



B. Scéim táirgthe molta



C. Próiseas mionsonraithe chun moltaí a tháirgeadh

Seisiún iomlánach 1

Cuspóir: Ag teacht le chéile arís mar Phainéal agus ullmhú do Sheisiún 3

Fáilte; Cead cainte do shaoránaigh; Nuashonrú ar an ardán; Clár oibre an deireadh seachtaine; Réamhrá ar mhodheolaíocht an tseisiúin

Fóram oscailte 1

Cuspóir: Treoshuíomhanna a chur in ord tosaíochta

Na treoshuíomhanna a léamh agus plé neamhfhoirmiúil sna seomraí (níl aon ateangaireacht ar fáil); treoshuíomhanna a chur in ord tosaíochta le greamáin; Tugadh caoga greamán do gach saoránach (deich ngreamán ghlasa do shruth 1, deich ngreamán dhearga do shruth 2, deich ngreamán ghorma do shruth 3, deich ngreamán bhuí do shruth 4, deich ngreamán chorcra do shruth 5) agus rinneadh suas le deich dtreoshuíomh in aghaidh an tsrutha a chur in ord tosaíochta. Leithdháileadh cúig ghreamán dhubha ar gach saoránach chun na treoshuíomhanna a bhí táirgthe ag a bhfoghrúpa féin a chur in ord tosaíochta.



Stream 2
Protecting democracy and the rule of law
Substream 2.1
Substream 2.2
Substream 2.3
Security
Substream 2.4
Media and disinformation

Obair fhoghrúpa 1

Cuspóir: Tús a chur le treoshuíomhanna a iompú ina moltaí

Dé Sathairn, 11/12/2021

Obair fhoghrúpa 2

Cuspóir 1: Treoshuíomhanna a iompú ina moltaí

Leanadh an mhodheolaíocht chéanna a úsáideadh in obair fhoghrúpa 1.

Cuspóir 2: Aiseolas a thabhairt d'fhoghrúpaí eile/a fháil ó fhoghrúpaí eile ón sruth céanna.

Cuspóir 3: Aiseolas a thabhairt d'fhoghrúpaí eile/a fháil ó fhoghrúpaí eile ó shruthanna éagsúla.

Leanadh ar aghaidh leis an modheolaíocht chéanna a bhí in úsáid cheana.

Cuspóir 4: Moltaí a chur i gcrích

Sa chéim dheireanach seo, rinneadh iarracht chun aiseolas ó na foghrúpaí eile agus ó sheiceáil fíricí a chomhtháthú. Rinne na foghrúpaí a moltaí a chur i gcrích.

Dé Domhnaigh, 12/12/2021

Fóram oscailte 2

Cuspóir: Obair ar phríomhtheachtaireachtaí do sheisiún iomlánach na Comhdhála

D'oibrigh an grúpa de 20 ionadaí ón bPainéal chuig sheisiún iomlánach na Comhdhála idir seisiúin freisin chun na príomhtheachtaireachtaí a tháirgeadh. Chun é sin a dhéanamh, rinne siad agallaimh le rannpháirtithe eile d'fhonn na teachtaireachtaí sin a fháil agus chun a bheith in ann torthaí an Phainéil a chur in iúl ar bhealach simplí. Ba cheart do na príomhtheachtaireachtaí na moltaí agus na cúiseanna atá leo a léiriú.

Fach 2

Cuspóir: Moltaí vótála

Treoracha do rannpháirtithe:

1. Brúigh cnaipe ar an táibléad	2. Déan cód QR a scanadh chun rochtain a fháil ar an	3. Seiceáil d'Uimhir Aitheantais Phearsanta (UAP) atá taobh thiar den táibléad

	nasc chuig an bhfoirm leis na moltaí ón Sruth	
 4. Cuir isteach an UAP ar an bhfoirm	 5. Vótáil le hordóg suas nó ordóg síos do gach ceann de na moltaí i ngach Sruth agus cuir isteach é	 6. Glactar leis na moltaí a bhfuil ordóg suas ag 70% nó níos mó acu ó na vótaí a caitheadh.

Iarscríbhinn II: Ionchur ó sheiceálaithe fíricí agus ó shaineolaithe chun tacú leis an bpróiseas seiceála fíricí

Rinne 'an tIonad Eolais agus Faisnéise – KICK', mar a thugtar air, atá comhdhéanta de chomhaltaí den Chomhrúnaíocht agus den ghrúpa plé, an t-ionchur ó shaineolaithe agus ó sheiceálaithe fíricí a chomhordú, le tacaíocht ó mhic léinn iardhochtúireachta IOE. Aon uair a d'aimsigh rannpháirtithe, éascaitheoirí, breathnóirí nó saineolaithe gá le soiléiriú fíorasach, cuireadh é sin in iúl do KICK, a atreoraigh an cheist chuig an saineolaí agus/nó chuig an seiceálaí fíricí cuí.

Lean roinnt saineolaithe ar an láthair agus ar líne plé na bhfoghrúpaí d'fhonn a bheith in ann tús a chur le seiceáil fíricí. Thairis sin, bhí saineolaithe ó na trí Institiúid ar dualgas chun freagra a thabhairt ar cheisteanna maidir le seiceáil fíricí ina réimsí saineolais faoi seach, go háirithe maidir le hionstraimí rialála agus ionstraimí beartais eile atá ann cheana.

Iarradh ar shaineolaithe agus ar sheiceálaithe fíricí freagra a thabhairt laistigh de thréimhse ama an-ghearr trí téacs chomh soiléir agus ab fhéidir a chur ar ais a d'fhéadfadh an t-éascaitheoir é a sheoladh chuig na rannpháirtithe ar fhormheas KICK.

Liosta saineolaithe ar an láthair agus ar líne:

Saineolaithe do shruth 1 - Cearta agus neamh-idirdhealú a áirithiú

- Costanza Hermanin, Comhalta Ceannaire Beartais ag an Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans
- Hielke Hijmans, Uachtarán an Dlísheomra Dlíthíochta/Comhalta de Bhord Feidhmiúcháin Údarás Cosanta Sonraí na Beilge

Saineolaithe do shruth 2 - An daonlathas agus an smacht reachta a chosaint

- Carlos Closa Montero, Ollamh, Scoil Rialachais Thrasnáisiúnta IOE/IPP-CSIC, an Spáinn
- Paul Blokker, Ollamh comhlach sa tSocheolaíocht, Ollscoil Bologna
- Raphael Bossong, Institiúid na Gearmáine um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Slándála
- Elda Brogi, Ollamh in Ionad IOE um Beartas na Meán agus um Shaoirse na Meán. Comhalta de Bhord Feidhmiúcháin EDMO, an Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha.

Saineolaithe do shruth 3 – An tAontas Eorpach a athchóiriú

- Katrin Auel, Ceann an Ghrúpa Taighde um Rialachas Eorpach, Airgeadas Poiblí agus Margaí Saothair ag Institiúid Ard-Léinn Vín
- Corinna Stratulat, Lárionad Beartais na hEorpa, Ceann an Chláir um Polaitíocht Eorpach agus um Institiúidí Eorpacha agus Anailíseoir Sinsearach Beartais
- Ariadna Ripoll Servent, Ollamh le Polaitíocht an Aontais Eorpaigh sa Lárionad um Léann an Aontais Eorpaigh in Salzburg (SCEUS) agus i Roinn na hEolaíochta Polaitiúla agus na Socheolaíochta in Ollscoil Salzburg

- Diane Fromage, Comhalta aonair Marie Sklodowska-Curie ag Scoil Dlí Sciences Po, Páras
- Kalypso Nicolaïdis, Ollamh i Scoil an Rialachais Thrasnáisiúnta agus Ollamh le Caidreamh Idirnáisiúnta in Ollscoil Oxford
- Ulrike Liebert, Ollúnacht Jean Monnet ar Léann Eorpach, Ollscoil Bremen

Saineolaithe do shruth 4 – Féiniúlacht Eorpach a chothú

- Hans-Jörg Trenz, Ollamh le Socheolaíocht an Chultúir agus na Cumarsáide in Scuola Normale Superiore in Pisa/i bhFloráns na hIodáile
- Antoine Godbert, iarcheann na Gníomhaireachta Erasmus in Bordeaux, comhalta den Cercle Erasmus

Saineolaithe do shruth 5 – Rannpháirtíocht na saoránach a neartú

- Alberto Alemanno, Ollamh le Dlí agus Beartas an Aontais Eorpaigh in HEC Paris
- Dominik Hierlemann, Fondúireacht Bertelsmann

Iarscríbhinn III: Moltaí a ndearna an painéal breithniú ina leith agus nár glacadh leo

Sruth 1 Cearta agus neamh-idirdhealú a áirithiú

Foshruth 1.1 Neamh-idirdhealú / Foshruth 1.2 Comhionannas inscne

‘Molaimid do AE mionlaigh a áireamh go gníomhach sa chinnteoireacht maidir le príomhghnéithe na n-institiúidí stáit (e.g. póilíní agus ENRanna). Molaimid do AE bord comhairleach a chur ar bun, arna thoghadh go díreach ag mionlaigh. Ba cheart gur ionadaithe mionlaigh go príomha i gcomhair le ENRanna freisin a bheadh sa chomhdhéanamh. Ba cheart go mbeadh ról múnlaitheach aige in oiliúint na státseirbhíseach chun freastal do riachtanais na mionlach. Ba cheart ceart crosta a bheith ag an gcomhlacht sin maidir le saincheisteanna mionlaigh’.

Molaimid é sin toisc gur minic le guthanna na mionlach a bheith gan éisteacht a fháil. Ba cheart dóibh labhairt thar a gceann féin, go féinchinntithe agus ar leibhéal gairmiúil, agus sin é an fáth go ndearnamar ionadaíocht a nascadh le vótáil agus le saineolas.

Sruth 2: An daonlathas agus an smacht reachta a chosaint

Foshruth 2.2 An daonlathas a chosaint agus a neartú / Foshruth 2.4 Na meáin agus an bhréagaisnéis

‘Molaimid gníomhaireacht a chur ar bun chun faireachán a dhéanamh ar na meáin chlosamhairc, ar na meáin chlóite agus ar na meáin dhigiteacha ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart don ghníomhaireacht sin faireachán a dhéanamh i dtaobh an leanann eagraíochtaí meán náisiúnta próiseas neamhchlaonta agus oibiachtúil i dtáirgeadh a n-inneachair. Chun bréagaisnéis a chosc, ba cheart don ghníomhaireacht córas scórála a chur ar fáil maidir le hiontaofacht na n-eagraíochtaí meán náisiúnta. Ba cheart go mbeadh an córas scórála seo éasca le tuiscint do na saoránaigh’.

Molaimid an méid sin toisc nach foláir dúinn meastóireacht a dhéanamh ar na meáin agus ar a n-iontaofacht, ach freisin ar éagsúlacht na meán sna Ballstáit. Bheadh gníomhaireacht AE thar a bheith oibiachtúil agus an méid sin á áirithiú. Thairis sin, le córas scórála, cuirtear ar chumas na saoránach roghanna eolasacha a dhéanamh agus eagraíochtaí meán a dhreasú chun nuacht iontaofa a chur ar fáil. Mura leor an córas scórála chun iontaofacht na n-eagraíochtaí meán a áirithiú, ba cheart go bhfaigheadh an ghníomhaireacht an inniúlacht chun smachtbhannaí a fhorchur.

Sruth 5: Rannpháirtíocht na saoránach a neartú

Foshruth 5.1 Rannpháirtíocht na saoránach

'Molaimid gur cheart comhlacht ionadaíoch saoránach a chur ar bun chun an chinnteoireacht a phlé agus a chur ar an eolas ar bhealach suntasach - cibé uair a dhéantar cinneadh ar shaincheist ar leibhéal AE a bhfuil tábhacht mhór léi do shaoránaigh na hEorpa (arna chinneadh ag saoránaigh - b'fhéidir trí shuirbhé). Ba cheart gur grúpa éagsúil de thart ar 100 saoránach ó gach tír in AE a bheadh sa ghrúpa sin, agus go mbeadh an ionadaíocht chéanna ag gach tír. Ba cheart gur grúpa imrothlach a bheadh i gceist ina n-athrófaí comhaltaí go tréimhsiúil'.

Ós rud é go bhfuil go bhfuil sé tábhachtach saincheisteanna amhail éilliú a d'fhéadfadh eascairt as buanchomhlacht ionadaíoch a sheachaint, agus go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh ionadaíocht chomhionann ag comhlacht den sórt sin ó gach tír chun cumhacht cinnteoireachta éagórach a sheachaint. Toisc go ndéanfaí na dúshláin a bhaineann le teacht le chéile go seasta nó le húsáid na teicneolaíochta ó chian a sheachaint trí oibriú ar an mbealach seo.

Iarscríbhinn IV: Treoshuíomhanna Cnuasaithe[3]

Sruth 1 Cearta agus neamh-idirdhealú a áirithiú

Foshruth 1.1 Neamh-idirdhealú

1. **1.1.1.1 treoshuíomh:** Ní mór rialacha aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm go cothrom i ngach tír san Aontas agus ní mór don Aontas faireachán a dhéanamh orthu. Is iad na daoine leochaileacha go díreach a bhfuil níos mó cosanta de dhíth orthu.

2. **1.1.1.2 treoshuíomh:** Ní mór do mhionlaigh a bheith níos rannpháirtí agus ionadaíocht níos fearr a bheith acu. Ní mór dóibh páirt a ghlacadh i gcumadh dlíthe agus ní mór don tsochaí cluas éisteachta níos cúramaí a thabhairt dóibh.
   1.1.1.3 treoshuíomh: Ba cheart toscaireacht láidir fhéinchinntithe a bheith ag ionadaithe na mionlach sna hinstitiúidí Eorpacha
   1.1.2.4 treoshuíomh: Tá struchtúir níos fearr de dhíth ionas gur féidir le mionlaigh a bheith páirteach go gníomhach.
   2.3.2.3 treoshuíomh: Ba cheart don Aontas an cuimsiú agus an éagsúlacht a fheabhsú agus ba cheart dó cur le hinfheictheacht, spás agus guth do dhaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, toisc nach ndéantar ionadaíocht leordhóthanach orthu in institiúidí poiblí agus príobháideacha ná in imeachtaí ar an

[3] Sa phróiseas cnuasaithe, níor cuireadh trí threoshuíomh ar an liosta trí thimpiste: 5.3.1.1 treoshuíomh: An tOideachas a chur chun cinn sa rannpháirtíocht (ar leibhéal an Aontais Eorpaigh). 1.2.2.4 treoshuíomh: Ní mór don Aontas Eorpach cabhrú chun athmhachnamh a dhéanamh ar thógán na fireannachta agus na banúlachta. 1.2.2.1 treoshuíomh: Cath cultúrtha, aitheantas a thabhairt agus tuiscint a fháil ar an bpribhléid a bhaineann le bheith 'fireann' chun feasacht a mhúscailt faoi na himpleachtaí a bhaineann le bheith ina bean. Cuireadh na saoránaigh ar an eolas dá réir sin.

leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Sa lá atá inniu ann, tá eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha fós ró-aonchineálach agus níl mórán éagsúlachta ná cuimsithe le feiceáil iontu.

3. **1.1.1.4 treoshuíomh:** Ní mór pictiúr réalaíoch de mhionlaigh a léiriú i scoileanna, aghaidh a thabhairt ar ábhair imní, faisnéis a sholáthar le fíricí, agus ní mór idirphlé le mionlaigh a bhunú. Is fíor sin i dtaca leis an ionad oibre freisin. Ní mór dlí a bheith mar bhonn faoin méid sin.
   2.3.2.2 treoshuíomh: Ba cheart don Aontas brú a chur ar na rialtais náisiúnta oideachas i gcoinne an fhoréigin a thabhairt isteach i scoileanna, amhail ceachtanna maidir le meas ar mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, chomh maith le hoideachas gnéis agus inscne, toisc go bhfuil baint dhíreach acu le fadhb na mí-úsáide gnéasaí, an fhoréigin agus na homafóibe.
   2.3.2.4 treoshuíomh: Ba cheart don Aontas infheistíocht a dhéanamh in acmhainní chun tacú le dea-chleachtais chun an foréigean atá sna Ballstáit a chomhrac. Mar shampla trí thacaíocht a thabhairt d'ionaid tacaíochta phoiblí agus phríobháideacha atá i dtíortha éagsúla.
   2.3.2.1 treoshuíomh: Ba cheart ról níos láidre a bheith ag Aontas maidir le slándáil an daonra LADTI+ a chinntiú ón bhforéigean agus ón idirdhealú.
   2.3.2.5 treoshuíomh: Maidir le hoideachas faoi agus feasacht ar an bhforéigean, ní mór dúinn díriú ar leanaí agus ar an bpobal i gcoitinne araon.

4. **1.1.2.3 treoshuíomh:** Ní mór tuilleadh sonraí faoin idirdhealú a bhailiú sna Ballstáit. Tá sé riachtanach freisin go ndéanfaí tuairisciú éifeachtach, ina mbeidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit sonraí maidir le hidirdhealú a bhailiú agus a chur ar aghaidh. Ba cheart na sonraí a anaithnidiú agus a dhéanamh poiblí. Ina theannta sin, ba cheart rochtain ar chabhair a bheith ann. Ní mór áit shoiléir a bheith ag an idirdhealú iomadúil ar an ardán, freisin. (Ní mór an mhí-úsáid a smachtú).
   1.2.3.3 treoshuíomh: Ba cheart smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcásanna ina ndéantar idirdhealú.

5. **1.1.3.1 treoshuíomh:** Chun an t-idirdhealú a laghdú, ba cheart don Aontas feabhas a chur ar an rochtain a bhíonn ag daoine óga agus daoine scothaosta ar mhargadh an tsaothair.

6. **1.1.3.2 treoshuíomh:** An aois vótála a laghdú go dtí 16 bliana

Foshruth 1.2 Comhionannas inscne

7. **1.2.1.1 treoshuíomh:** Bíonn oiliúint de dhíth ar mhná nuair a fhilleann mná tar éis saoire tuismitheora.

8. **1.2.1.2 treoshuíomh:** Is fusa do mhná a bhíonn ag teilea-obair a ngairmeacha beatha a fhorbairt, go háirithe nuair a bhíonn orthu aire a thabhairt dá leanaí).

9. **1.2.1.3 treoshuíomh:** Ba cheart an rogha a bheith ag tuismitheoir aonair uaireanta níos giorra oibre a dhéanamh ionas go mbeidh an duine sin in ann díriú ar an teaghlach.

10. **1.2.1.4 treoshuíomh:** Caithfidh níos mó naíonraí a bheith ag cuideachtaí chun cuidiú lena bhfostaithe cothromaíocht idir an obair agus an saol a bhaint amach. **1.2.1.5 treoshuíomh:** Ba cheart go mbeadh sé níos tarraingtí d'aithreacha imeacht ar shaoire tuismitheora.
    1.2.5.2 treoshuíomh: Maidir leis na cúraimí a fágadh faoi na mná go traidisiúnta, ba cheart do na fir a chion féin a dhéanamh.

11. **1.2.3.1 treoshuíomh:** Ní mór na trioblóidí eile a bhíonn ag daoine a admháil, amhail míchumais.

12. **1.2.3.2 treoshuíomh:** Ardán de chuid an Aontais a chruthú lenar fusa gur féidir le daoine rochtain a bheith acu ar an gcúirt agus comhairle a fháil, amhail ombudsman.

13. **1.2.4.1 treoshuíomh:** Sa chath cultúrtha a luaitear thuas, ba cheart dul i ngleic freisin le mí-úsáid mná a dhéanann garghaol nó céile agus leis na bagairtí a chuireann garghaol nó céile orthu.

14. **1.2.5.1 treoshuíomh:** Agallaimh anaithnide le haghaidh fostaíochta, ionas nach gcuirfear inscne san áireamh sa roghnú. D'fhéadfaí agallaimh a thaifeadadh freisin ionas gur féidir a fhíorú go bhfuil siad

éifeachtach.
1.2.5.4 treoshuíomh: Chun an t-idirdhealú a sheachaint, ba cheart gníomhaireachtaí fostaíochta a bheith freagrach as daoine a fhostú.

15. **1.2.5.3 treoshuíomh:** Creat dlíthiúil Eorpach chun dul i ngleic le sáruithe ar chearta oibre. Ba cheart don Aontas a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit na rialacha in aghaidh an idirdhealaithe chun feidhme ionas gur féidir linn comhionannas inscne a bhaint amach. Comhairleoireacht dhlíthiúil ón Aontas a bheith ar fáil chun cur le comhairle dlí maidir leis an idirdhealú a chomhrac.

16. **1.2.5.5 treoshuíomh:** Uaireanta oibre níos solúbtha a chur ar fáil.

Foshruth 1.3 Cearta an duine agus cearta an dúlra agus na n-ainmhithe a chosaint

17. **1.3.1.2 treoshuíomh:** D'fhéadfaí oideachas agus cumarsáid a úsáid le haghaidh treoirlíne níos inbhuanaithe chun cabhrú le peirspictíochtaí maidir le cearta agus saoirsí a chomhroinnt agus chun an tAontas a choinneáil aontaithe.
2.1.2.4 treoshuíomh: Faisnéis faoi luachanna/saoránacht/struchtúr, srl. an Aontais a ionchorprú go leanúnach agus go comhsheasmhach i gcuraclaim scoile ar gach leibhéal oideachais. Infheistíocht a dhéanamh in oideachas sibhialta Eorpach.

18. **1.3.2.1 treoshuíomh:** Sainordú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a neartú trí uirlisí a chur ar fáil chun daoine aonair leochaileacha agus mionlaigh a chosaint i ngach Ballstát.

19. **1.3.2.2 treoshuíomh:** Dá bhfothófaí neamhspleáchas agus acmhainneachtaí na meán agus na n-iriseoirí, d'fhéadfaí cuidiú le tuairisciú cothrom a áirithiú maidir le mionlaigh agus imircigh mar shampla, taobh dhearfach an scéil a léiriú agus an áibhéil steiréitíopála a dhéantar i leith na n-imirceach agus na ndídeanaithe a laghdú.

20. **1.3.3.1 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas rialacháin choiteanna a bhunú a mhéid a bhaineann le dea-bhail na n-ainmhithe san fheirmeoireacht a chosaint.
1.3.3.3 treoshuíomh: Ba cheart treoirlíne a bhunú ar leibhéal an Aontais chun stop a chur leis na fordheontais a thugtar do chuid mhór den mhargadh talmhaíochta lena dtáirgtear agus lena bpóraítear ainmhithe mar chuid den olltáirgeadh ina mbíonn drochdhálaí leasa ainmhithe.

21. **1.3.3.2 treoshuíomh:** Is cearta tánaisteacha iad cearta ainmhithe le hais na saincheisteanna maidir le Cearta an Duine agus Cosaint an Chomhshaoil.

22. **1.3.3.4 treoshuíomh:** Chuideofaí leis an aeráid agus laghdófaí iompar ainmhithe thar achair fhada dá ngearrfaí cáin ar fhachtóirí diúltacha aeráide amhail astaíochtaí meatáin agus CO2 a thagann ón talmhaíocht agus dá gcomhchuibheofaí an cánachas chun táirgeadh áitiúil feola a spreagadh, sin treoirlíne eile a d'fhéadfaí a bhunú.

Foshruth 1.4 An ceart chun príobháideachais

23. **1.4.1.1 treoshuíomh:** Seirbhísí ar líne a iniúchadh go rialta chun sáruithe agus/nó mí-úsáid cearta príobháideachais / cearta cosanta sonraí a chosc agus a sheiceáil.
1.4.1.2 treoshuíomh: Fíneáil a ghearradh ar chuideachtaí a sháraíonn cearta príobháideachais / cearta cosanta sonraí; ba cheart an fhíneáil a bheith i gcomhréir le margadhluach na cuideachta.

24. **1.4.2.1 treoshuíomh:** Soláthraithe a rialáil ionas go gcomhroinnfidh siad le húsáideoirí doiciméadacht agus iarrataí toilithe maidir le cosaint sonraí atá éasca le tuiscint.
1.4.2.2 treoshuíomh: Feasacht a mhúscailt maidir le comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí de chuid an Aontais atá i gceannas ar chosaint sonraí.
2.3.3.4 treoshuíomh: Ba cheart don Aontas sásraí a thairiscint chun sonraí pearsanta a chosaint, sásraí a bheadh inrochtana go héasca do gach saoránach.

25. **1.4.3.1 treoshuíomh:** Cosc a chur ar shuíomhanna gréasáin faisnéis ó fhianáin a roinnt le tríú páirtithe.

26. **1.4.3.2 treoshuíomh:** An reachtaíocht atá ann faoi láthair a athbhreithniú agus a nuashonrú chun úsáid sonraí a dhéanamh comhréireach leis na riachtanais iarbhír.
1.4.3.3 treoshuíomh: Próiseas cinnteoireachta uile-Aontais ar leith a thionscnamh chun soiléireacht a fháil maidir leis an gcomhbhabhtáil idir comhroinnt sonraí agus cosc ar mhí-úsáid sonraí (agus idirdhealú iomchuí i ngach earnáil ar leith, e.g. sláinte, slándáil, srl).

27. **1.4.4.1 treoshuíomh:** Aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine chun a ráthú go gcomhlíonfaidh gach Ballstát go comhionann an ceart chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí

28. **1.4.5.1 treoshuíomh:** Rialacha níos soiléire agus níos déine a chur ar fáil le haghaidh na mionaoiseach agus na meáin shóisialta á n-úsáid acu chun rioscaí dá bpríobháideachais a chosc.
1.4.5.2 treoshuíomh: Cláir scoile thiomnaithe.
2.3.3.2 treoshuíomh: Is tosaíochtaí iad an t-oideachas agus an cosc. Ba cheart don Aontas Eorpach acmhainní a infheistiú sna Ballstáit chun oideachas a chur ar leanaí sna scoileanna agus a bhfeasacht a mhúscailt maidir lena sonraí pearsanta a chosaint.
2.3.3.3 treoshuíomh: Ba cheart don Aontas feasacht na saoránach a chur chun cinn agus feachtais feasachta faoi chosaint sonraí pearsanta a úsáid.

Sruth 2: An daonlathas agus an smacht reachta a chosaint

Foshruth 2.1 An smacht reachta a chosaint

29. **2.1.1.1 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas na Ballstáit a ghríosú chun aghaidh a thabhairt air sin go gníomhach faoi chuimsiú a ndlínsí náisiúnta.

30. **2.1.1.2 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas bearta a dhéanamh chun an anaithnideacht dhiúltach a chomhrac (anaithnideacht a úsáidtear chun cleachtais mhí-eiticiúla san fhoilseachán a chumasú).

31. **2.1.2.1 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas infheistíocht a dhéanamh in iarrachtaí an phobail chun luachanna daonlathacha a neartú sna Ballstáit.

32. **2.1.2.2 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas infheistíocht a dhéanamh i mbearta (tionscadail) a chothaíonn comhar agus malartú idir grúpaí/réigiúin/náisiúin éagsúla.

33. **2.1.2.3 treoshuíomh:** Spásanna saor ó bhreithiúnas a chruthú inar féidir le tíortha foghlaim óna chéile agus é mar aidhm acu a gcleachtais dhaonlathacha a fheabhsú.

34. **2.1.3.1 treoshuíomh:** Páirtithe polaitiúla trasnáisiúnta Eorpacha a chruthú ina mbeadh polaiteoirí uile na hEorpa in ann páirt a ghlacadh.

35. **1.1.2.1 treoshuíomh:** Ní mór smachtbhannaí soiléire a bheith ag an Aontas, smachtbhannaí a fhorfheidhmeoidh sé go héifeachtach i gcoinne Ballstát agus lena gcuirfidh sé bac orthu sna cásanna sin. Féidearthacht amháin is ea cistiú de chuid an Aontais a chur ar ceal.
1.3.1.1 treoshuíomh: Córais smachtbhannaí agus córais bhónais a chur le chéile agus grúpaí Ballstát a shainiú de réir leibhéal chur chun feidhme chearta an duine, saoirsí agus comhionannais na mBallstát sin.
2.1.4.1 treoshuíomh: Ba cheart don Aontas dul i mbun idirphlé cairdiúil leis na stáit neamhchomhlíontacha ar dtús. Ba cheart Airteagal 7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a úsáid mar an dara céim. Ar deireadh, ba cheart cistí an Aontais a tharraingt siar ó na stáit neamhchomhlíontacha.
2.2.2.2 treoshuíomh: Ní mór comhchreat rialála a bheith againn. Mura n-urramaítear an creat rialála sin, is féidir linn smachtbhannaí a úsáid.

4.2.1.4 treoshuíomh: Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm díreach mar rogha dheireanach. Má theipeann ar gach rud eile – idirphlé san áireamh. Creat agus seicheamh úsáide smachtbhannaí a bheith ann.

Foshruth 2.2 An daonlathas a chosaint agus a neartú

36. **2.2.1.1 treoshuíomh:** Tá gá le bonn coiteann chun cás éillithe a thuiscint agus a shainaithint. Cathain a bhíonn an bhrústocaireacht cuí agus cathain a athraíonn sí ina héilliú?
2.2.1.2 treoshuíomh: Dhaoine a théann i ngleic leis an éilliú a chosaint. Ní mór iad a chosaint agus ní mór ansin an próiseas trínar féidir linn dul i ngleic leis an éilliú a chosaint. Ní mór dúinn a shainaithint conas is féidir linn é sin a dhéanamh.
4.2.4.3 treoshuíomh: Rialacha níos fearr a leagan síos maidir le brústocaireacht san Aontas Eorpach chun caillteanas airgid de dheasca éillithe a laghdú

37. **2.2.3.1 treoshuíomh:** Ba cheart a chur de cheangal ar gach tír de chuid an Aontais ioncam íosta Eorpach a thabhairt isteach, ach íosphá Eorpach a thabhairt isteach freisin chun go mbeidh saol cuibhiúil ag saoránaigh. Tacaíocht do dhaoine atá le hathimeascadh i margadh an tsaothair.
2.3.5.2 treoshuíomh: Ba cheart don Aontas pá íosta a thabhairt isteach ar an leibhéal Eorpach.

Foshruth 2.3 Slándáil

38. **2.3.1.1 treoshuíomh:** Is fadhb mhór don tslándáil í saincheist na cothromaíochta idir an tslándáil agus cearta, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh; is fadhb an-chasta í freisin ó thaobh aghaidh a thabhairt uirthi. Mar shaoránaigh, táimid ag streachailt lenár seasamh féin.

39. **2.3.1.2 treoshuíomh:** Tá a fhios againn go bhfuil bagairtí slándála tromchúiseach ach measaimid gur cheart don Eoraip bearta forlámhacha a sheachaint agus ina ionad sin ba cheart di oibriú níos mó ar leibhéal an choisc agus an díspreagtha.

40. **2.3.1.3 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas oibriú i gcomhar le corparáidí móra na líonraí gréasáin agus sóisialta (Facebook, Google agus Twitter) agus le fórsaí póilíneachta na mBallstát éagsúil chun daoine a fhoilsíonn ábhar contúirteach a dhíspreagadh agus chun imscrúduithe póilíneachta a dhéanamh ar thionscnamh an ábhair chontúirtigh agus ar leibhéal na bagartha.

41. **2.3.2.6 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas aireachtaí oideachais na mBallstát a spreagadh chun cabhair shíceolaíoch a ráthú i scoileanna do gach leanbh agus teaghlach, ní hamháin dóibh siúd a bhfuil sé ag teastáil uathu nó a chuireann oibrithe sóisialta ina treo.

42. **2.3.3.1 treoshuíomh:** An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh.

43. **2.3.3.5 treoshuíomh:** Ba cheart d'institiúidí an Aontais agus na Ballstáit a bheith níos comhordaithe ó thaobh a saoránaigh, a ndaonlathas agus a luachanna a chosaint i gcoinne na mbagairtí nua ón taobh amuigh, amhail an chibearshlándáil agus úsáid choiriúil na hintleachta saorga.

44. **2.3.4.1 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas a thiomantas a neartú maidir lena mhúnla daonlathais agus a luachanna a onnmhairiú lasmuigh dá theorainneacha. Ní le hairm ach le taidhleoireacht, trí dhea-chleachtais a roinnt go hidirnáisiúnta agus trí fheasacht a ardú.

45. **2.3.4.3 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas a chomhordú a neartú chun go mbeadh an t-idirphlé, an idirghabháil agus an chaibidlíocht le tíortha comharsanachta níos éifeachtaí le haghaidh saincheisteanna a bhaineann le teorainneacha.

46. **2.3.5.1 treoshuíomh:** Saoránaigh na hEorpa a chosaint ar thionóiscí ag an obair agus timpeallachtaí míshláintiúla nó contúirteacha oibre a chosc.

47. **2.3.6.1 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas níos mó a dhéanamh chun trédhearcacht idirbheart baincéireachta agus airgeadais a fhorchur.

48. **2.3.7.1 treoshuíomh:** Ní mór d'institiúidí an Aontais Eorpaigh níos mó a dhéanamh chun feiniméin struchtúracha na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe a rialú agus a shrianadh.

49. **2.3.7.2 treoshuíomh:** Molaimid gníomhaireacht Eorpach a chur ar bun chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chomhrac (maifianna agus cineálacha nua coireachta eagraithe amhail dronga idirnáisiúnta san áireamh).

50. **2.3.7.3 treoshuíomh:** Fíorphóilíneacht Eorpach a bhunú.

Foshruth 2.4 Na meáin agus an bhréagaisnéis

51. **2.4.1.1 treoshuíomh:** Níor cheart go mbeadh polaiteoirí in ann scaireanna sna meáin a shealbhú.
2.4.1.2 treoshuíomh: Is gá próiseas fíorúcháin Eorpach a chur ar bun chun neamhchlaontacht na gcuideachtaí meán atá á maoiniú ag polaiteoirí a chruthú.
2.4.1.3 treoshuíomh: Ní mór dúinn spás nuachta neodrach a chruthú. Nuacht nach mbaineann mothúcháin léi a thuilleadh.
2.4.2.1 treoshuíomh: Is gá próiseas fíorúcháin Eorpach a chur ar bun chun neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht na nuachta a chruthú. Ní mór dúinn spás nuachta neodrach a chruthú.
3.2.2.1 treoshuíomh: D'fhéadfadh córas scórála nó méadracht a bheith ann a dhéanann meastóireacht ar inchreidteacht na soláthraithe nuachta agus na faisnéise a eisíonn an tAontas (ailt a cruthaíodh gur bréaga atá iontu, srl. mar mhéadracht). **5.1.2.6 treoshuíomh:** An pholaitíocht agus na meáin a dheighilt ó chéile agus an deighilt sin a rialú. I measc nithe eile: Níor cheart ardáin na meán a bheith faoi úinéireacht na bpáirtithe.

52. **2.4.2.2 treoshuíomh:** Is gá oideachas níos fearr a chur ar úsáideoirí nua chun tuiscint a fháil ar an spás faisnéise seo. Ní mór dúinn oideachas a chur ar leanaí ar scoil chun go dtuigfidís an chaoi a gcruthaítear an nuacht. Tá neamhlitearthacht faisnéise ann agus ní mór dúinn obair a dhéanamh maidir leis an bhfadhb seo. Tá oideachas faoi na meáin de dhíth orainn.
2.4.3.1 treoshuíomh: Is gá seisiúin oiliúna a chur ar siúl sna scoileanna faoin ábhar seo, agus oideachas a chur ar dhaoine óga chun go mbeidís ar an eolas i gceart.
2.4.3.2 treoshuíomh: Tá níos mó imeachtaí oiliúna de dhíth orainn. Imeachtaí atá dírithe go háirithe ar shaoránaigh atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, trínar féidir leo an sreabhadh faisnéise a thuiscint.

Sruth 3: An tAontas Eorpach a athchóiriú

Foshruth 3.1 Athchóiriú institiúideach

53. **3.1.1.1 treoshuíomh:** Trédhearcacht a mhéadú ar na cúiseanna a ghlactar le roinnt tíortha is iarrthóirí isteach san Aontas agus nach nglactar le tíortha eile.

54. **3.1.1.2 treoshuíomh:** Maidir le critéir aontachais an Aontais, ba cheart tosaíocht a thabhairt don chritéar maidir leis na luachanna agus an daonlathas (i gcomparáid leis an bhforbairt eacnamaíoch).

55. **3.1.2.1 treoshuíomh:** Méadaigh an tacaíocht a thugann an tAontas Eorpach do na stáit is iarrthóirí ionas gur féidir leo a n-institiúidí agus a ngeilleagair a neartú (ar bhealach a ndéanann an tAontas Eorpach dlúthmhaoirseacht air).

56. **3.1.3.1 treoshuíomh:** Ba cheart é a bheith de cheart ag saoránaigh an Aontais Eorpaigh vótáil ar liostaí páirtithe trasnáisiúnta le linn na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa (liosta toghcháin trasnáisiúnta amháin nó dhá liosta – ceann amháin, náisiúnta agus an ceann eile, trasnáisiúnta).

57. **3.1.5.1 treoshuíomh:** Ba cheart athbhreithniú leathan a dhéanamh ar inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh agus ar institiúidí an Aontais Eorpaigh.

58. **3.1.5.2 treoshuíomh:** Ba cheart níos mó cumhachtaí a leithdháileadh ar na hinstitiúidí sin de chuid an Aontais a thoghann saoránaigh an Aontais go díreach.

59. **3.1.6.1 treoshuíomh:** Ba cheart institiúidí an Aontais a athainmniú ionas nach mbíonn a n-ainmneacha chomh mearbhlach céanna do shaoránaigh.
3.1.6.2 treoshuíomh: Ba cheart don Aontas Eorpach siombailí níos soiléire (amhail lógó) a bheith aige nach mbeadh chomh cosúil sin le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile (amhail Comhairle na hEorpa).
3.1.6.3 treoshuíomh: Ba cheart don Aontas Eorpach a bheith beacht ina chuid teachtaireachtaí – ba cheart dó úsáid a bhaint as an bhfocal 'Aontas Eorpach' seachas 'an Eoraip', toisc nach é an tAontas Eorpach amháin atá i gceist leis 'an Eoraip', is téarma níos leithne é.

Foshruth 3.2 Cinnteoireacht

60. **3.2.2.2 treoshuíomh:** Ardán ar líne a chruthú inar féidir le saoránaigh faisnéis a fhoilsiú nach bhfuil siad cinnte fúithi, agus is féidir le saineolaithe an fhaisnéis a sheiceáil.

61. **3.2.3.1 treoshuíomh:** Ba cheart reifreann ar fud an Aontais a reáchtáil aon uair a thagann saincheist chun cinn a bhfuil fíorthábhacht ag baint léi do shaoránaigh uile na hEorpa.

62. **3.2.3.2 treoshuíomh:** Ba cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an vótáil ar líne agus ar ionchur ar líne ó na saoránaigh chun tionchar a imirt ar an bpróiseas cinnteoireachta.

63. **3.2.3.3 treoshuíomh:** Ba cheart córas a bheith ann de rialú agus cuntasacht pharlaiminteach, níos mó nó iomlán, maidir le cinntí faoi chabhair airgeadais / leas airgeadais / agus an chaoi a gcaitear cistí pobail san Aontas.

64. **3.2.4.1 treoshuíomh:** Ba cheart córas malartach vótála a úsáid ina ionad sin. Ba cheart an 'ualú' vótaí a ríomh go cothrom ionas go gcosnófar leasanna na dtíortha beaga.

65. **3.2.4.2 treoshuíomh:** Ní mór athrú struchtúrach a dhéanamh ar na conarthaí atá ann cheana, nó, de rogha air sin, bunreacht nua arna chomhaontú ag na Ballstáit.

66. **3.2.4.3 treoshuíomh:** Tá sé thar a bheith tábhachtach go soláthraíonn cibé córas a chruthaítear cumhacht vótála nó 'ualú' réasúnta cóir do thíortha níos lú ó thaobh na cinnteoireachta de.

67. **3.2.5.1 treoshuíomh:** Ba cheart sásra a bheith ann ina seachnaítear an Pharlaimint go sealadach agus ina ndéanann Comhairle an Aontais Eorpaigh cinntí láithreach.

68. **3.2.5.2 treoshuíomh:** Ba cheart comhlacht ionadaíoch de shaineolaithe ar saoránaigh iad a bheith ann a sholáthraíonn faisnéis agus treoir do Pharlaimint na hEorpa i gcásanna éigeandála.

Foshruth 3.3 Comhtháthú níos dlúithe

69. **3.3.1.1 treoshuíomh:** Molann grúpa saineolaithe ar dtús cén chuma a bheadh ar chomhstruchtúr eacnamaíoch den sórt sin agus cad iad na hiarmhairtí a bheadh ag an gcomhstruchtúr eacnamaíoch arna moladh – sula bpléifear cibé ar mian linn comhstruchtúr eacnamaíoch a bheith againn nó nár mian.

70. **3.3.1.2 treoshuíomh:** Tá sé tábhachtach bonn coiteann a bhunú do na Ballstáit go léir (na deiseanna céanna, an leibhéal céanna) chun comhstruchtúr eacnamaíoch a bhaint amach.

71. **3.3.2.1 treoshuíomh:** Molaimid go ndéanfaí níos mó infheistíochtaí poiblí chun cáilíocht saoil daoine a

fheabhsú (bonneagar, bóithre, ach d'fhéadfaimis tithíocht/tithíocht shóisialta a chur san áireamh freisin).

72. **3.3.2.2 treoshuíomh:** Cánachas corparáidí móra/ioncam ó chorparáidí móra chun cur le hinfheistíochtaí poiblí, an cánachas a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus san fhorbairt i ngach tír (T&F, scoláireachtaí – Erasmus srl.)

73. **3.3.2.3 treoshuíomh:** Cáin fhorásach a ghearradh ar idirbhearta airgeadais agus ar bhainc chun ioncam a fháil ó idirbhearta móra airgeadais.

74. **3.3.3.2 treoshuíomh:** Suirbhé uile-Eorpach a dhéanamh ar shampla randamach de shaoránaigh eolasacha maidir le cén treo atá le glacadh agus, roimhe sin, feachtas faisnéise uile-Eorpach a chur ar bun ina leagfaí amach na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe sin.

75. **3.3.3.3 treoshuíomh:** Cás géarchéime a ullmhú ina méadófaí cumhachtaí an Aontais.

76. **3.3.4.1 treoshuíomh:** An gá atá le fáil amach céard dó a sheasaimid san Eoraip, is ar an gcaoi sin amháin is féidir linn a rá céard iad na nithe nach seasaimid dóibh (moladh: Is féidir sin a dhéanamh trí shuirbhé ar shaoránaigh).

Sruth 4: Féiniúlacht Eorpach a chothú

Foshruth 4.1 Oideachas ar an daonlathas

77. **4.1.1.1 treoshuíomh:** An intleacht shaorga a úsáid chun cuidiú leis an bpróiseas aistriúcháin.
78. **4.1.1.2 treoshuíomh:** Teanga amháin (an Béarla, cuir i gcás) chun cumarsáid a dhéanamh.

79. **4.1.1.3 treoshuíomh:** Aip a chruthú a d'fhéadfadh faisnéis a scaipeadh faoi shaincheisteanna daonlathacha agus an fhaisnéis sin a aistriú go teanga an úsáideora.

80. **4.1.2.1 treoshuíomh:** Próisis dhaonlathacha a spreagadh laistigh de na scoileanna – amhail comhairlí mac léinn a vótálann ar chúrsaí bunúsacha riaracháin ar scoil. Úsáid a bhaint as an teicneolaíocht idirlín agus ríomhaireachta (vótáil ar líne) chun saincheisteanna a ardú.

81. **4.1.2.2 treoshuíomh:** Léann an Aontais Eorpaigh a bheith mar chuid den churaclam ó cheann ceann na mBallstát.
4.1.3.1 treoshuíomh: Dá luaithe a chuirtear tús leis an bpróiseas oideachais seo is ea is fearr é. Moltar go gcuirfear tús leis ón aoisghrúpa 10-12 ar aghaidh. Ba cheart tús a chur le coincheap na gcomhairlí mac léinn ag aois 12. Faoi bhun na haoise sin, ba cheart an rannpháirtíocht a bheith oiriúnach don aois
4.1.4.1 treoshuíomh: Níor cheart dúinn tuairimí polaitiúla a mhúineadh ach faisnéis faoi phróisis dhaonlathacha an Aontais agus faoin gcaoi a n-oibríonn sé. Ba cheart an difríocht a bheith soiléir do mhúinteoirí agus mic léinn araon.
4.1.4.2 treoshuíomh: Níor chomhaontaigh gach saoránach go bhféadfaí siollabas tras-Eorpach a chomhaontú idir na Ballstáit.
4.1.4.3 treoshuíomh: Ba cheart próiseas simplí a bheith againn maidir leis an dóigh a mínítear an tAontas Eorpach do chách.
4.1.5.1 treoshuíomh: Níor cheart na córais oideachais san Aontas Eorpach a bheith mar an gcéanna.
4.2.2.3 treoshuíomh: An curaclam scoile céanna faoin Aontas Eorpach sna bunscoileanna cheana féin.
4.3.8.1 treoshuíomh: Ábhar nua meánscoile a chruthú lena dtugtar isteach faisnéis ar fheidhmiú reatha an Aontais Eorpaigh agus na bearta a dhéanann sé, agus an difear a dhéanann na bearta sin do na saoránaigh.
5.1.2.1 treoshuíomh: Mar bhonn le rannpháirtíocht na saoránach, tá gá le tuilleadh faisnéise faoin Aontas agus le tuilleadh cumarsáide leis na saoránaigh. Ní mór do dhaoine níos mó a fhoghlaim faoin Aontas agus faoin mbeartas Eorpach (oideolaíocht, oideachas agus oiliúint).

82. **4.1.2.3 treoshuíomh:** D'fhéadfaí scoileanna a dhreasú trí dheontais a chur ar fáil dóibh nó trealamh a

bhronnadh orthu chun iad a spreagadh chun léann daonlathais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme.
4.1.3.2 treoshuíomh: Ba cheart fóirdheontais a íoc le scoileanna a thugann cleachtais dhaonlathacha isteach mar chuid de shaol na scoile. Níor cheart é a bheith éigeantach ach ba cheart scoileanna a dhreasú.

Foshruth 4.2 Luachanna agus féiniúlacht Eorpach

83. **4.2.1.1 treoshuíomh:** Cúiseanna an náisiúnachais agus na caomhnaitheachta a scrúdú i roinnt Ballstát, go háirithe tríd an idirphlé maidir le luachanna agus tuiscint cheart ar na coincheapa gaolmhara.

84. **4.2.1.2 treoshuíomh:** Aghaidh a thabhairt ar shaincheist an antoisceachais pholaitiúil, a shaothraíonn go minic meon frith-Eorpach ar mhaithe lena chríocha féin.

85. **4.2.1.3 treoshuíomh:** Cumarsáid leanúnach le saoránaigh na mBallstát a fheabhsú. Páirt níos mó a thabhairt do na saoránaigh sa phróiseas. Ba cheart an deis a thabhairt do na saoránaigh a bheith rannpháirteach a mhéid is féidir.

86. **4.2.1.5 treoshuíomh:** Comhlíonadh na rialacha Eorpacha a chomhordú ar gach leibhéal, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil freisin.

87. **4.2.2.2 treoshuíomh:** Faisnéis a shaincheapadh do ghrúpaí áirithe. An téarmaíocht a athrú agus a shimpliú.

88. **4.2.2.4 treoshuíomh:** Deis a bheith ag gach grúpa saoránach páirt ghníomhach a ghlacadh ar bhealaí nuálacha éagsúla.

89. **4.2.2.5 treoshuíomh:** Deis a bheith ag daoine níos mó taistil a dhéanamh, bualadh le chéile agus ceisteanna éagsúla laistigh den Aontas a phlé. Fiú daoine nach bhfuil go maith as ó thaobh an airgid de. Ciste speisialta a chruthú dó sin (cosúil le Erasmus).
4.3.3.1 treoshuíomh: Chun níos mó clár nó gníomhaíochtaí malartaithe Eorpacha a chruthú, amhail clár Erasmus nó an chomhdháil seo, ionas gur féidir le daoine taisteal go tíortha eile, bualadh le muintir tíortha eile agus idirphlé a bheith acu faoina saol agus faoina gcaidreamh leis an Eoraip.

90. **4.2.3.1 treoshuíomh:** Dul i ngleic le fadhb na bréagaisnéise. Aird níos mó a thabhairt ar fhoinse na mífhaisnéise.

91. **4.2.3.2 treoshuíomh:** Tacú go gníomhach leis na Ballstáit i leith na bhfadhbanna áitiúla atá acu maidir le feachtais bhréagaisnéise.

92. **4.2.3.3 treoshuíomh:** Géarchéimeanna na himirce a réiteach.

93. **4.2.3.4 treoshuíomh:** Slándáil idirlín a mhéadú – cosaint ar haiceáil.

94. **4.2.3.5 treoshuíomh:** Comhbheartas eachtrach an Aontais a chruthú. Comhordú a dhéanamh ar chéimeanna sa bheartas eachtrach idir an tAontas agus na Ballstáit.

95. **4.2.4.1 treoshuíomh:** Feabhas a chur ar an bpróiseas bailithe cánach ó mhórchuideachtaí ilnáisiúnta. Aghaidh a thabhairt freisin ar fhadhb na dtearmann cánach.

96. **4.2.4.2 treoshuíomh:** Trédhearcacht chistí an Aontais a fheabhsú – sna Ballstáit agus in institiúidí an Aontais.

Foshruth 4.3 Faisnéis faoi AE

97. **4.3.3.2 treoshuíomh:** Fóraim ar líne agus áiteanna cruinnithe a chruthú inar féidir le saoránaigh éisteacht, ceisteanna a chur agus páirt a ghlacadh in idirphlé le hionadaithe Eorpacha, agus aistriúchán ilteangach a bheith ar fáil.

98. **4.3.5.1 treoshuíomh:** Straitéisí cumarsáide a úsáid chun cumarsáid i dteanga níos simplí agus níos inrochtana a dhéanamh, lena ngabhann tuarascálacha níos mionsonraithe agus níos teicniúla, ionas gur féidir leis an té ar mian leis dul níos doimhne sin a dhéanamh.
4.3.7.2 treoshuíomh: Úsáid níos fearr a bhaint as an ról lárnach atá ag na meáin shóisialta sa lá atá inniu ann.
4.3.7.3 treoshuíomh: Anailís a dhéanamh ar cé hé an spriocphobal, cén cineál bealaí a úsáideann siad chun cumarsáid a dhéanamh agus an chumarsáid a chur in oiriúint do na bealaí sin (le naisc dóibh siúd ar mian leo dul níos doimhne).

99. **4.3.5.3 treoshuíomh:** Míreanna fógraíochta faoin Aontas Eorpach a chraoladh ag mórimeachtaí (Eurovision, imeachtaí spóirt, srl.) agus i gcláir phríomh-ama

100. **4.3.6.1 treoshuíomh:** A chur faoi deara go mbeidh rialú an Aontais níos oscailte do shaoránaigh.

101. **2.1.3.2 treoshuíomh:** Na meáin náisiúnta a spreagadh chun tuilleadh forbairtí ar leibhéal an Aontais a chumhdach.
3.2.1.1 treoshuíomh: Ba cheart na meáin a spreagadh go láidir chun níos mó ama a thabhairt do shaincheisteanna Eorpacha agus do ghníomhaíochtaí laistigh den Aontas.
4.3.1.1 treoshuíomh: Ba cheart mír nuachta faoin Eoraip a bheith ar chláir nuachta teilifíse poiblí, ar an gcaoi chéanna is a bhíonn mír faoin spórt nó faoi ábhair eile.
4.3.5.2 treoshuíomh: Sna meáin, ba cheart cláir, nó míreanna, a bheith ann a thuairiscíonn go sonrach ar an Aontas Eorpach.
4.3.7.4 treoshuíomh: Mír faisnéise faoin Aontas Eorpach a bheith mar chuid den nuacht teilifíse, mar is amhlaidh i gcás cúrsaí spóirt agus saincheisteanna eile.
3.2.1.2 treoshuíomh: Ba cheart an cainéal teilifíse Eorpach nó an ghníomhaireacht nuachta Eorpach atá ann cheana agus a phléann saincheisteanna a bhaineann le gníomhaíochtaí an Aontais (an chomhairle, an pharlaimint, cinntí, srl.) a leathnú ó thart ar aon trian de shaoránaigh an Aontais a chlúdach go saoránaigh uile an Aontais a chlúdach ar mhaith leo é a úsáid. Ba cheart an fhaisnéis uile a eisíonn an tAontas a bheith fíorasach agus neamhchlaonta.
3.2.3.4 treoshuíomh: D'fhéadfadh díospóireachtaí poiblí arna gcraoladh ag an Aontas Eorpach, a bheith ina réiteach féideartha. D'fhéadfadh nuachtáin agus gníomhaireachtaí nuachta a bheith ann chun an fhaisnéis sin a sheachadadh do na daoine.
3.3.3.1 treoshuíomh: Feabhas a chur ar an dóigh a dtugtar eolas faoin Aontas do na saoránaigh: Cainéal ina bhfaighimid gach faisnéis faoin Aontas, foireann caidrimh phoiblí de chuid an Aontais a thugann eolas faoi ghníomhaíochtaí an Aontais agus a úsáideann cainéil éagsúla chun teagmháil a dhéanamh le spriocghrúpaí difriúla, chomh maith le deis a thabhairt do na Ballstáit páirt ghníomhach a ghlacadh in eolas a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí an Aontais, é a bheith mar chuid den churaclam scoile, i bhformáid éasca spraíúil.
4.3.2.1 treoshuíomh: Cainéal nó gníomhaireacht neamhspleách Eorpach a chruthú chun fíorfhaisnéis a tharchur agus chun cur in aghaidh na bréagnuachta agus na nuachta claonta.
4.3.7.1 treoshuíomh: Tá cainéal faisnéise de dhíth orainn lenar féidir an fhaisnéis sin a scaipeadh (an méid a dhéanann an tAontas Eorpach agus cén fáth).
5.2.3.2 treoshuíomh: Páirt a thabhairt do na meáin i sásraí trédhearcachta an Aontais a chur chun cinn.

Sruth 5: Rannpháirtíocht na saoránach a neartú

Foshruth 5.1 Rannpháirtíocht na saoránach

102. **5.1.1.1 treoshuíomh:** Teastaíonn trédhearcacht uainn faoin méid a pléadh i bpróisis rannpháirtíochta na saoránach.

103. **5.1.1.2 treoshuíomh:** Ba cheart cinntí uile an Aontais a bheith trédhearcach ionas go mothódh na saoránaigh go bhfuil siad rannpháirteach.
5.1.1.3 treoshuíomh: Ní mór do chinnteoirí polaitiúla trédhearcacht a chruthú go réamhghníomhach agus ní mór na saoránaigh a chur ar an eolas go réamhghníomhach.

104. **5.1.2.5 treoshuíomh:** Ba cheart an nasc idir saineolas agus beartas a institiúidiú. Ba cheart é a shocrú agus a bheith trédhearcach, amhail dul i gcomhairle le saineolaithe rialtais nó an dóigh a roghnaítear iad.

105. **5.1.2.3 treoshuíomh:** Ní mór dúinn é a dhéanamh tarraingteach chun vóta a chaitheamh. Ní mian linn vóta éigeantach a bheith ann.

106. **5.1.2.4 treoshuíomh:** Ionadaíocht leanúnach na saoránach a áirithiú i bParlaimint na hEorpa / sa Choimisiún Eorpach. Ba cheart do na saoránaigh a bheith páirteach sa phróiseas cinnteoireachta.
5.2.1.1 treoshuíomh: Rannpháirtíocht níos mó a bheith ag feisirí na Parlaiminte i dtograí agus rannpháirtíocht níos mó a bheith ag na saoránaigh, agus leithdháileadh ama ar leith i gclár oibre na Parlaiminte maidir le rannpháirtíocht leis na saoránaigh.

107. **5.1.3.1 treoshuíomh:** Daonlathas díreach: Na topaicí ba cheart daonlathas díreach a úsáid ina leith a shainiú go nithiúil.

108. **5.1.3.2 treoshuíomh:** Ba cheart do gach saoránach a bheith in ann vótáil ar bhunreacht na hEorpa.

109. **5.1.4.1 treoshuíomh:** Ba cheart go dtiocfadh feabhas ar an gcomhar idir na Ballstáit agus an tAontas Eorpach i roinnt réimsí beartais. Níor cheart réimsí gníomhaíochta / inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh a leathnú gan chúis ('gan an t-ullmhúchán ceart a dhéanamh').

110. **5.1.4.2 treoshuíomh:** Anailís a dhéanamh ar an gcúis a gcaillltear muinín idir an pholaitíocht agus na saoránaigh.

111. **5.1.5.1 treoshuíomh:** Ardán faisnéise le haghaidh sáruithe nó neamhchomhlíonadh threoracha agus rialacháin an Aontais Eorpaigh.

Foshruth 5.2 Rannpháirtíocht na saoránach

112. **2.1.3.3 treoshuíomh:** Ba cheart don Aontas Eorpach a bheith oscailte i leith smaointe a thagann go díreach ó shaoránaigh, ní hamháin ó na rialtais náisiúnta. Mar shampla: ardán ar fud an Aontais a chruthú chun achainíocha agus tionscnaimh shibhialta a thosú.
5.2.1.3 treoshuíomh: Ardán malartaithe idir saoránaigh agus ionadaithe tofa. Ardán ag a mbeidh sásraí aiseolais agus clárú idirghníomhaíochtaí mar chuid de.

113. **5.2.1.4 treoshuíomh:** Rachfar i gcomhairle leis na saoránaigh sula nglacfar na cinntí.
5.2.3.4 treoshuíomh: Sásraí éigeantacha le haghaidh comhairliúchán leis na saoránaigh nuair atá togra ann le haghaidh laghdú ar chearta na saoránach.

114. **5.2.1.5 treoshuíomh:** Feabhas a chur ar shásraí tuairiscithe polaiteoirí do na saoránaigh agus ní dá bpáirtithe amháin. Is gá tuilleadh a dhéanamh le hais na dtuarascálacha bliantúla. Mar ullmhúchán do na toghcháin, ba cheart do gach ionadaí tuairisc a thabhairt ar an méid a rinne sé/sí.

115. **5.2.2.1 treoshuíomh:** Cláir do scoileanna agus cuideachtaí maidir lena bhfuil á dhéanamh i ndáil le sásraí rannpháirtíochta agus ionstraimí atá ann cheana.
5.3.1.4 treoshuíomh: Curaclam Eorpach a chruthú (maidir le rannpháirtíocht na saoránach le haghaidh ábhar a bhaineann le saoránacht / eitic, agus le haghaidh an churaclaim ghinearálta freisin).

116. **5.2.3.1 treoshuíomh:** Páirt a thabhairt do na bardais, d'eintitis áitiúla agus réigiúnacha chun glaoch ar shaoránaigh agus a rannpháirtíocht i sásraí cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn. Rannpháirtíocht ar leith a bheith ag scoileanna agus ag daoine óga. A áirithiú nach ndéanfaí dearmad ar na daoine fásta.

117. **5.2.3.3 treoshuíomh:** Laghdú ar an am agus ar na ceanglais a thógann sé chun sásraí trédhearcachta agus rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm sa chinnteoireacht

Foshruth 5.3 Rannpháirtíocht na saoránach

118. **5.3.3.4 treoshuíomh:** Ní mór don Aontas Eorpach oifigí áitiúla a chur chun cinn i mbardais, chun go mbeidh teacht ar oiliúint agus faisnéis agus chun go mbeidh rochtain dhigiteach ar fhaisnéis agus próisis chinnteoireachta an Aontais Eorpaigh.

119. **5.3.4.1 treoshuíomh:** An scéal a scaipeadh (sna meáin chumarsáide freisin) faoi na sásraí rannpháirtíochta atá ag an Aontas Eorpach (go sonrach nuair a bhíonn comhairliúchán ar oscailt).

120. **5.3.4.2 treoshuíomh:** Athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir a bhaineann leis na doiciméid nach féidir a chur ar fáil don phobal.

121. **5.3.4.3 treoshuíomh:** Faisnéis a bheith ar fáil i dteangacha éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh (ní i mBéarla, Gearmáinis agus Fraincis amháin).

122. **4.2.2.1 treoshuíomh:** Deimhin a dhéanamh de go mbeadh rochtain ag gach saoránach ar fhaisnéis (fón cliste, an t-idirlíon)
5.3.3.5 treoshuíomh: Rochtain ar an idirlíon a chur ar fáil do gach saoránach Eorpach (chun faisnéis dhigiteach agus rannpháirtíocht a ráthú do shaoránaigh).

123. **5.3.2.1 treoshuíomh:** Tiomantas na bpolaiteoirí a áirithiú le rannpháirtíocht na saoránach.
5.3.2.2 treoshuíomh: I gcás ina ndiúltófar do mholtaí na saoránach, a iarraidh ar pholaiteoirí a bheith cuntasach ina leith sin, agus údar á thabhairt leis na cúiseanna nach ndeachaigh an togra níos faide.

124. **3.2.3.5 treoshuíomh:** Ba cheart rannpháirtíocht agus plé na saoránach ar nós a bhfuil ar siúl ag Tionól na Saoránach a reáchtáil ar an leibhéal áitiúil.
5.1.2.2 treoshuíomh: Úsáid a bhaint as na painéil saoránach! Réamhriachtanais: Ní mór do pholaiteoirí aiseolas mionsonraithe a thabhairt ar thorthaí na bpainéal.
5.2.1.2 treoshuíomh: Painéal saoránach a chruthú a mbeidh oifig aige sa Pharlaimint. Cearta agus dualgais saoránach atá mar chuid de na painéil a bhunú, go háirithe athrú na n-áiteanna agus roghnú na saoránach a bheidh bunaithe ar shásraí randamacha. Ní mór struchtúr a bheith ann a chabhródh leis na painéil saoránach, rud a thabharfadh tacaíocht don idirphlé idir na saoránaigh agus ionadaithe tofa.
5.3.3.1 treoshuíomh: Sainiú a dhéanamh ar na topaicí polaitiúla a bhfuil gá le painéal / rannpháirtíocht saoránach ina leith (topaicí tosaíochta), mar shampla, nár cheart aon chearta saoránach a shrianadh gan cead ó phainéal na saoránach (rud a tharla le linn na paindéime).
5.3.3.2 treoshuíomh: Painéil saoránach a eagrú chun tuairimí polaitiúla a shaibhriú.
5.3.3.3 treoshuíomh: A chinntiú go bhfuil na saoránaigh a roghnófar le haghaidh phlé na saoránach ionadaíoch don daonra (éagsúlacht shoch-dhéimeagrafach agus mionlaigh freisin).